

Is é aidhm na caibidle seo ná cuspóirí agus polasaí poiblí leathana a bhunú atá mar bhun le cláir a sheachadann tacaíocht ioncaim do theaghlaigh le leanaí. Iarrtar inti cibé an bhfuil na cuspóirí sin bailí fós agus an bhfuil siad comhleanúnach le cuspóirí rialtais foriomlána agus leis na cuspóirí i Ráiteas Straitéise na Roinne Coimirce Sóisialaí? Iarrtar inti freisin cibé an bhfuil na cuspóirí sin comhleanúnach le cláir phoiblí eile a chuireann ioncam agus tacaíochtaí eile ar fáil do theaghlaigh le leanaí. Sa deireadh iarrtar inti a bhunú conas a idirghníomhaíonn polasaí agus cláir TIL leis an straitéis níos leithne chun bochtanas leanaí a laghdú go háirithe trí fheabhas a chur ar dhreasachtaí fostaíochta agus iad a chothú.

2.1 Cuspóirí cláir chaiteachais TIL

Cad iad na cuspóirí polasaí poiblí leithne sin atá mar bhun le cláir a sheachadann tacaíocht ioncaim do theaghlaigh le leanaí? Saináithnímid ar dtús cuspóirí ag leibhéal cláir agus úsáidimid é sin agus foinsí eile chun cuspóirí polasaí TIL níos leithne a aimsiú. (Mír 2.2).

2.1.1 Cuspóirí SL

Tabhairt isteach agus éabhlóid íocaíocht liúntas leanaí

Cé nach bhfuil an scéim SL ann ach ó 1986, is féidir eolas ar an scéimh a chuaigh roimpi, an íocaíocht Liúntas leanaí (LL) a tugadh isteach i 1944 a fháil ó óráid dara céim an Aire ag an am. *“an cuspóir ... cabhrú le deireadh a chur le bochtanas i dteaghlaigh móra”*.¹² Níor ghlac an tAire le híocaíocht bunaithe ar árachas sóisialta a bheadh bunaithe ar thaifead ranníocaíochta duine ar na forais nach gclúdódh an scéim ansin ach timpeall leath den daonra. Níor ghlac sé ach oiread le tástáil mhaoine ar roinnt forais, lena áiríodh an gá stiogma an charthanachta a sheachaint a d’fhéadfadh a bheith bainteach lena leithéid d’íocaíochtaí, agus leis sin ag cur isteach ró-mhór ar ghnóthaí airgeadais líon mhór teaghlach agus ag íoslaghdú an mhéadaithe i gcostais riaracháin a bheadh an-suntasach ag an am agus a bheadh de réir an Aire in éifeacht chomh mór le costas na n-íocaíochtaí iad féin. Rinneadh cinneadh mar sin íocaíocht a thabhairt isteach nach raibh faoi réir tástáil mhaoine ní ar

¹² *Dáil Éireann - Historical Debates, Imleabhar 92, An Bille um Liúntas Leanaí, 1943, An Dara Chéim, 23 Samhain, 1943, an tAire Tionscail agus Tráchtála.*

fhórais tiomantais do phrionsabal uilíochta *per se* ach ar fhórais níos praiticiúla mar chostais ollmhóra riaracháin sonraithe chomh maith leis an tuiscint turgnamhach gur dócha fós go mbeadh bochtanas níos mó le brath i dteaghlaigh móra. Fuarthas gné de spriocdhírú foriomlán trí oibriú ‘aisghlámadh’ cáin ioncaim, a chiallaigh gur laghdaíodh liúntas cánach linbh d'aon duine a fuair LL maidir leis an leanbh sin. Cuireadh deireadh leis an ngné sin thar am, áfach. Tá uilíocht na híocaíochta ann fós mar chuid thábhachtach den tírdhreach ón tús.

Bhí an íocaíocht LL iníochta i dtosach i ndáil leis an tríú leanbh agus leanaí ina dhiaidh sin ach leathnaíodh í sin thar am chun leanaí go léir a chlúdach (an dara leanbh, 1952; an chéad leanbh 1963). Is dealraitheach go léiríonn an méadú ar an méid a bhí clúdaithe ag na híocaíochta an dearcadh athraithe a bhí ann ar a cuspóirí go háirithe le linn na 1960í. Bhí leathnú na híocaíochta go dtí an dara leanbh i 1952 nasctha go sainráite le deireadh na bhfóirdheontas bia sa bhliain sin agus *“an cúiteamh is gá a thabhairt i gcásanna riachtanacha”*,¹³ ag deimhniú de réir dealraimh an chéad réasúnaíocht taobh thiar den scéim. Nuair a síníodh SL do leanaí go léir i 1963, níor tugadh aon réasúnaíocht cosúil leis sin agus thug an tAire Leasa Shóisialaigh i 1965 le fios go bhfaca an Rialtas an íocaíocht mar a bheadh ról i bhfad níos mó aici nuair a dúirt sé: *“Tá Liúntais Leanaí deartha ... chun an éagothroime sa chaighdeán maireachtála a laghdú ... idir an fear le clann a chothú agus an fear leis an ioncam céanna agus gan aon leanaí cleithiúnacha. Tá an scéim liúntas leanaí comhlántach le soláthar liúntais saor ó chánach faoin gcód cáin ioncaim. Tá sé níos simplí agus níos ciallmhaire liúntas leanaí a íoc gan tástáil mhaoine seachas tástáil mhaoine riaraithe go costasach agus liúntais saor ó cháin a mhéadú chun críocha cáin ioncaim..”*¹⁴

Tabhairt isteach íocaíocht sochar leanaí

Cuireadh Sochar Leanaí (SL) in ionad na híocaíochta Liúntas Leanaí i 1986. Bhí an t-athrú freisin i gcomhthéacs leibhéil íocaíochtaí níos fearr agus díothú liúntais cáin ioncaim sa chód cáin ioncaim. Sa dara céim den bhille bhí sé de chlaonadh ag an Aire béim a chur ar leanúnachas na scéime a bhí ann cheana ag léiriú go raibh an íocaíocht ag tógáil liúntais chánach leanaí a bhí ar fáil d'íocóirí cánach roimhe sin agus mar sin ag comhdhlúthú tacaíocht ioncaim do leanaí go ginearálta isteach san íocaíocht SL mar chuid de chlár leasaithe ginearálta. Thug an tAire faoi deara *“gurb é cuspóir na scéime an méid tacaíochta airgid agus is féidir a chur ar fáil do mháithreacha in aon íocaíocht singil amháin. Mar sin féin, ní féidir ar chúiseanna riaracháin agus teicniúla scéim inchánaithe go hiomlán a thabhairt isteach i 1986 mar a bhí ar intinn i dtosach. Mar chéad chéim, mar sin, tá sé socraithe ag an Rialtas scéim neamhinchánaithe sochar leanaí a thabhairt isteach le*

¹³ *Dáil Éireann - Historical Debates, Imleabhar 130 -*, Ráiteas Airgeadais, Buiséad 1952, 02 Aibreán, 1952, An tAire Airgeadais.

¹⁴ *Dáil Éireann - Historical Debates, Imleabhar 217 -*, An Bille Leas Shóisialaigh 1965, An Dara Chéim, 07 Iúil, 1965, An tAire Leasa Shóisialaigh.

héifeacht ó Aibreán 1986...Tá an scéim nua in ionad na scéime liúntas leanaí reatha agus tá díothú an liúntais chánach leanaí £100 in aghaidh an linbh faoin gcód cáin ioncaim ag baint léi freisin".¹⁵ Tá struchtúr leathan na híocaíochta gan athrú fós ó shin.

Athbhreithnithe roimhe seo timpeall uilíocht sochar leanaí

Tá saincheist uilíocht na híocaíochta faoi chaibidil go minic idir an dá linn. Tá leibhéal suntasach airde tugtha do staid Sochar Leanaí laistigh de chóras foriomlán tacaíochta ioncam leanaí go háirithe ó na 1980í luatha anall. Mar shampla d'fhoilsigh An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta (CNES) tuarascáil dar teideal "Alternative Strategies for Family Income Support" (A Mhalairt de Straitéisí do Thacaíocht Ioncam Leanaí) i 1980 inar luaigh an Chomhairle *"gur infheistíocht sa todhchaí cabhrú le tuismitheoirí ina dtascanna leanaí a thógáil"* ach san fhadtearma, *"gur chóir féidearthacht ollchóiriú iomlán a dhéanamh ar na córais reatha liúntais leanaí agus liúntas cánach leanaí a scrúdú le béim faoi leith ar an ngá cabhrú le teaghlaigh ísealioncaim fad is ag cinntiú nach rachadh an toradh as compás chun leasa teaghlaigh ar ioncam níos airde".¹⁶*

Cuireadh eisiúint nádúr agus cuspóirí SL san áireamh ag an gCoimisiún um Chánachas bunaidh (céad tuarascáil 1982) agus an Coimisiún um Leas Shóisialach (1986). Chuir an Coimisiún um Chánachas béim ar ról SL chun tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh go léir le leanaí agus mar sin ní raibh siad i bhfabhar cáin a chur air. *"Tá argóint ann ar fhorais chothromas cothrománach gan cháin a chur ar shochar leanaí. Tá sé sin amhlaidh mar féachtar air mar is cóir mar mhodh idirdhealaithe ag leibhéal go léir ioncaim idir an acmhainneacht cáin a íoc ag teaghlaigh le leanaí agus iad gan leanaí le tógáil. Intuigthe inár n-argóint i bhfabhar sochar leanaí aontaithe tá an dearcadh gur chóir go mbeadh difríocht absalóideach seasmhach sa cháin iníoctha ag teaghlaigh le leanaí agus iad gan leanaí le tógáil..... Éilíonn sin gan cáin a chur ar shochar leanaí."*

Chuir Tuarascáil an Choimisiúin um Leas Sóisialach an bhéim freisin ar an gculpóir sin ag lua: *"Ceapaimid go bhfuil sé cuí go roinneann an Stát costais leanaí a thógáil agus a chothú le tuismitheoirí ... go ndéantar ranníocaíocht d'ioncam teaghlaigh go léir agus go ndéantar soláthar iomlán do leanaí sna teaghlaigh sin gan ioncaim".¹⁷ Ardaíodh an féidearthacht go gcuirfí cáin ar shochar leanaí i 1986, nuair a tugadh SL isteach agus nuair a chuir an tAire ag an am in iúl *"ní féidir scéim inchánaithe iomlán a thabhairt isteach i 1986 mar a bhí i gceist i**

¹⁵ *Dáil Éireann - Historical Debates, Imleabhar 364 -*, An Bille Leasa Shóisialaigh 1986, An Dara Céim, 11 Márta, 1986, An tAire Leasa Shóisialaigh.

¹⁶ Eithne Fitzgerald, *Alternative Strategies for Family Income Support*, Comhairle Náisiúnta agus Sóisialta, Tuarascáil Uimh. 47 (Baile Átha Cliath, 1980), lth. 16.

¹⁷ *Commission on Social Welfare*, An Roinn Leasa Shóisialaigh (Baile Átha Cliath, 1986), lth. 293.

dtosach, ar chúiseanna riaracháin agus teicniúla". Tá roinnt tráchtairí i bhfabhar scéim inchánaithe do shochar leanaí (m.sh.Callan et al, 2001).

Rinneadh tuilleadh athbhreithnithe ar staid SL sna 1990í. Rinne An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta (CNES) ina tuarascáil "Straitéis do na nóchaid" athbhreithniú ar fhorálacha tacaíochta ioncam leanaí (sainmhínithe mar SL, BLCanna, FIT agus breiseanna cáin leanaí ar na teorainneacha díolúine cánach) agus thug an tuairim "go bhfuil polasaí fadtéarmach comhtháiteach maidir le tacaíocht ioncaim riachtanach ar roinnt chúiseanna". Thug An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta (CNES) faoi deara; "ní mór an meascán inmhianaithe athdháileadh ingearach (ó ard go hísealioncam) i gcoinne athdháileadh cothrománach (ó chineál amháin teaghlaigh go cineál eile ag aon leibhéal ioncaim ar leith) a mhionléiriú. Rinne an Chomhairle an argóint go raibh SL go hiomlán cothrománach ina éifeacht dáileach ach go raibh "meascán athdháilte ingearach (FIT, BLCanna) agus athdháilte chothrománach (SL agus díolúintí cánach a bhaineann le leanaí) sa phacáiste iomlán tacaíochta ioncaim leanaí".¹⁸ Ní raibh an Coiste Athbhreithnithe SL (CASL), bunaithe ag an Aire Leasa Shóisialaigh i 1995 chun comhairle a chur ar fáil maidir le forbairt na hÍocaíochta, ar aon intinn go hiomlán leis an dearcadh sin maidir le Sochar Leanaí sa mhéid is go ndearna siad an argóint gur chomhlíon Íocaíocht SL "roinnt rólanna, na cinn ba thábhachtaí ná (1) cabhair do theaghlaigh go léir le leanaí in aitheantas ar na costais níos airde a bheadh orthu agus (2) díothú bochtanas teaghlaigh bainteach le leanaí gan cur le dídhreasachtaí an mhargaidh saothair".¹⁹ Shainithin an CASL roinnt chuspóirí eile freisin. Mheas sé gur ceann de na cuspóirí ba thábhachtaí um shochar leanaí ná díothú bochtanas teaghlaigh bainteach le leanaí gan cur le dídhreasachtaí an mhargaidh saothair.²⁰ Chomh maith leis sin, rinne an CASL pointe déanta a dhiúltú nuair a tugadh an Liúntas Leanaí isteach, ag déanamh na hargóinte go bhféadfaí an íocaíocht SL a úsáid chun cabhrú le bochtanas leanaí a dhíothú de bharr na rátaí íocaíochta níos airde do theaghlaigh níos mó ina mbeadh sé níos dealraithe go mbeadh bochtanas le brath. Dúirt an CASL go gcomhlíonann an íocaíocht SL ról aitheantais don obair a bhaineann le leanaí a thógáil agus go bhféadfaidh go mbeadh tábhacht faoi leith aige seo do mháithreacha nach bhfuil ag fáil aon íocaíochtaí díreacha eile.

Leis an méadú ar rannpháirtíocht ban sa lucht saothair agus an méadú dá réir san éileamh ar chúram leanaí, sainaithníodh ról do SL tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh go léir i slí nár smaoinigh siad go n-úsáidfeadh siad an tacaíocht sin go háirithe ó thús na ndeich mbliana seo caite. I gcoinne glaonna ar spriocthacaíocht do chostais chúram leanaí a bhí ag éirí go tapaidh trí, *inter alia*, chreidmheasanna cánach, thóg an Rialtas an rogha méaduithe

¹⁸ *A Strategy for the Nineties: Economic Stability and Structural Change*, An Chomhairle Náisiúnta agus Sóisialta (Baile Átha Cliath, 1990), lth. 215.

¹⁹ *Child Benefit Review Committee, Report to the Minister for Social Welfare* (Baile Átha Cliath, 1995), lth. 4.

²⁰ *Ibid.*, Achoimre Fheidhmeach, lth. 6.

suntasacha a chur i bhfeidhm i SL ar dtús agus ina dhiaidh sin scéim nua a thabhairt isteach do leanaí go léir faoi 6 bliana d'aois (Forlíonadh Luathchúram Leanaí) - tacaíochtaí nach mbeadh faoi thionchar rogha na dtuismitheoirí idir cúram leanaí baile nó íoctha. Ina ráiteas airgeadais ar Bhuiséad 2001, d'fhógair an tAire Airgeadais go dtiománfadh cuspóir rogha tuismitheoirí a shásamh polasaí maidir le tacaíocht ioncam leanaí: *"Beidh an Teach go maith ar an eolas faoin éagsúlacht tuairimí atá ann tabhairt faoin tsaincheist cúram leanaí. Is é croíchuspóir an Rialtais tacaíocht a chur ar fáil a thabharfaidh fíor-rogha do thuismitheoirí agus a bheidh chun leasa leanaí go léir. Is féidir é sin a dhéanamh trí Shochar Leanaí."*²¹ Thug sé clár ilbhliantúil méadaithe SL isteach á leanúint ina dhiaidh sin ag tabhairt isteach an forlíonadh luathchúram leanaí. Síngigh an FLL an cur chuige uilíoch sochar leanaí ach dhírigh siad an cur chuige níos mó ar chúram leanaí tríd an íocaíocht a theorannú do thuismitheoirí leanaí 6 bliana d'aois nó níos óige.

Níos déanaí, áfach, tá athrú ar an gcur chuige sin agus in ionad an FLL tá córas díreach tacaíochta d'áiteanna cúram leanaí a chur ar fáil. Ina óráid Bhuiséid 2009, dúirt an tAire Airgeadais: *"níl na teidlíochtaí uilíocha is cuma cén mhaoine atá acu dírithe orthu siúd den riachtanas is mó. Creidim go bhfuil gá i roinnt cásanna difreálú a dhéanamh idir iad siúd atá faoi ghanntanas agus iad siúd nach bhfuil. Táim ag moladh sa Bhuiséad i mbliana tús a chur le gníomhú sa treo seo i réimsí áirithe agus díospóireacht níos leithne a chur chun cinn i réimsí eile."* Sa Bhuiséad Forlíonach in Aibreán 2009, d'fhógair an tAire go mbeadh cáin nó tástáil mhaoine ar SL. D'iarr an tAire ar an gCoimisiún um Chánachas freisin saincheist chánachas SL a scrúdú..... *"Táim lánchinnte go scrúdóidh an Coimisiún um Chánachas roghanna bainteach le déileáil le cánachas ar íocaíochtaí sochar leanaí uilíocha. Táim ag súil le haon mholtaí forchéimitheacha a fhéadfaidh siad a dhéanamh sa réimse seo a bhreathnú go cúramach."*

Ceapadh an Grúpa Speisialta ar Uimhreacha Seirbhíse Poiblí agus Caiteachais le sainordú caiteachas Státchiste reatha go léir a scrúdú trasna Ranna agus áisíneachtaí go léir ina bhféadfar sábháilteachtaí foirne agus caiteachais a dhéanamh. Tuairiscíodh uaidh in Iúil 2009 agus moladh raon beart gearrtha costais lenar áiríodh laghdú 20% i rátaí sochar leanaí mar mhodh chun sábháilteachtaí sa bhreis ar €500m a bhaint amach i gcaiteachas an Rialtais. Mar sin, mhol an Grúpa ráta caighdeánach €136.00 in aghaidh na míosa a thabhairt isteach do leanaí go léir.²² Bhí fócas breise ar Shochar Leanaí nuair a thuairiscigh an Coimisiún um Chánachas (CC) i Meán Fómhair 2009. Mhol tuarascáil an Choimisiúin um Chánachas cáin a chur ar shochar leanaí ach luaigh gur chóir tagarmharc a dhéanamh ar an gcur chuige sin i gcoinne roghanna malartacha lean n-áirítear tástáil mhaoine. Mhol sé freisin dá gcuirfí cáin ar SL gur chóir creidmheas leanaí a thabhairt isteach chun an cháin bhreise iníoctha maidir le

²¹ *Dáil Éireann Historical Debates, Imleabhar 679, Ráiteas Buiséadach Forlíontach 2009, 07 Aibreán, 2009, an tAire Airgeadais.*

²² *Report of the Special Group on Public Service Numbers and Expenditure, An Roinn Airgeadais (Baile Átha Cliath, 2009), Imlíne. 1, lth. 69.*

SL a fhritháireamh dóibh siúd ar ioncam níos ísle.²³ Ar aon nós , bheartaigh an Rialtas gan cáin a chur nó tástáil mhaoine a dhéanamh ar an íocaíocht SL ach é a laghdú timpeall deich faoi gcéad agus méaduithe cúiteacha a dhéanamh i MLC agus FIT.

Fionnachtain 2-1: Is féidir le nádúr uilíoch Sochar Leanaí ilchuspóirí a chur san áireamh.

Ceadaíonn nádúr uilíoch íocaíocht SL (agus LL roimhe seo) rólanna éagsúla a chomhlíonadh a chiallaíonn gur féidir leis ilchuspóirí a chur san áireamh. Is féidir cothromaíocht na gcuspóirí sin a athrú thar am. Tá sé feicthe ag cur ranníocaíochta do chostas leanaí a thógáil ar fáil go háirithe i dteaghlaigh móra ina d'fhéadfadh rátaí bochtanais a bheith níos airde. Tá SL aitheanta freisin mar shlí inar féidir le rialtas tacaíocht do theaghlaigh le leanaí a chur ar fáil i slí neodrach vis-à-vis rannpháirtíocht sa mhargadh saothair. Níos déanaí tá béim curtha ar ról SL tacaíocht a chur ar fáil i dtreo costas cúram leanaí ach an rogha idir cúram baile agus cúram leanaí íoctha a fhágáil. Tá fócas níos mó anois ann ar luach ar airgead agus spriocdhírú níos fearr a athraíonn an fócas arís i dtreo an chuspóra bochtanas a laghdú.

2.1.2 Cuspóirí Méaduithe i leith Linbh Cháilithe

Íoctar Méaduithe i leith Linbh Cháilithe (MLC)²⁴ mar fhorlíonta bainteach le leanaí leis an gcuid is mó d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh seachtainiúla agus tá siad mar chuid shuimeálach de chóras leasa shóisialaigh teagmhasach-bhunaithe na hÉireann le fada. Íoctar iad sa bhreis ar Shochar Leanaí. Ní scéim leasa shóisialaigh ar leith iad íocaíochtaí MLC iontu féin ach go héifeachtach iarrann siad a chinntiú go bhfuil leibhéal tacaíochta ioncaim sonraithe nasctha leis an líon cleithiúnaithe sa teaghlach. Fad is go bhféadfaí go bhfuil ról MLC íocaíochtaí leasa shóisialaigh a choigeartú don líon sa teaghlach follasach anois ní hamhlaidh a bhí i gcónaí. Tá éagsúlacht mhór i rátaí íocaíochta thar am. I gcásanna áirithe, sna céimeanna tosaigh d'fhorbairt an chórais leasa shóisialaigh, níor íocadh aon fhorlíonta bainteach le leanaí le sochair faoi leith:

- Níor sholáthar an scéim dífhostaíochta teoranta tugtha isteach i 1911 do chleithiúnaigh go dtí gur tháinig scéim dífhostaíochta níos leithne isteach i 1921;
- Níor sholáthar sochar breoiteachta faoin seanscéim árachais náisiúnta aon liúntas do chleithiúnaigh go dtí gur cuireadh Sochar Míchumais ina áit i 1952.

²³ *Commission on Taxation Report 2009* (Baile Átha Cliath, 2009), lth. 250.

²⁴ Aitheanta roimhe seo mar bhreiseanna Linbh Cleithiúnaigh – (BLC).

Bhí sé molta sa Pháipéar Bán ar *Leas Sóisialach* i 1949 gur chóir Breiseanna i leith Linbh Chleithiúnaigh (BLC – réamhtheachtaithe do MLC) a chaighdeánú don chuid is mó íocaíochtaí leis an liúntas á íoc maidir leis an gcéad dá leanbh.²⁵ Ní raibh SL iníoctha ag an am sin ach don tríú leanbh agus leanaí ina dhiaidh sin. Cuireadh an moladh sin i bhfeidhm i 1952 le liúntais do dhaoine fásta agus leanaí cleithiúnaigh tugtha isteach do leanaí i scéimeanna go léir ach amháin don phinsean seanaoise. Leathnaíodh na forálacha sin níos déanaí don tríú leanbh agus leanaí ina dhiaidh sin i 1960 fad is gur cuireadh leanaí cleithiúnaigh pinsinéirí san áireamh ó 1964. Thug an CSEN faoi deara agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar leibhéal BLCanna *“i gcás go raibh breiseanna linbh cleithiúnaigh iníoctha roimh 1952, ní raibh aon phatrún cinnte i gceist– ráta comhréidh ab ea cuid acu in aghaidh an linbh, laghdaigh cuid eile acu le méid an teaghlaigh agus bhí éagsúlachtaí mearbhlacla ar na cinn a bhí iníoctha le cúnamh dífhostaíochta ag brath ar an líon sa teaghlach. Tá an sainmhíniú ar leanbh cleithiúnach athruithe freisin.”*²⁶

Níor lean coinbhéirseacht sna socrúithe do BLC, áfach, ar íocaíochtaí nua thar na blianta a thabhairt isteach. Sa bhliain 1986 d'aimsigh an Coimisiún um Leas Sóisialach 36 rátaí éagsúla agus mhol siad réasúnaíocht. Fad is go ndearnadh dul chun cinn luath suntasach, an moladh sin a chur i bhfeidhm agus gur laghdaíodh an líon rátaí go trí faoi lár na 1990í, ní go dtí 2006 go raibh MLC comhdhlúite in aon ráta singil amháin.²⁷

Fionnachtain 2-2: Cuspóir MLC

Is é cuspóir MLC cumhacht cheannaigh íocaíochtaí leasa shóisialaigh príomhúla a oiriúnú de réir an líon leanaí cleithiúnaigh i dteaghlach.

2.1.3 Cuspóirí FIT

Tugadh trí chuspóir don Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh ag an am a tugadh isteach é i 1984:

- Ar an gcéad dul síos, le díothú na bhfóirdheontas bia i 1984, féachadh ar FIT mar mhodh cúitimh ar an titim phoitéinsiúil i gcaighdeáin mhaireachtála do theaghlaigh ar ísealioncam;

²⁵ Mel Cousins, *Explaining the Irish welfare state : an historical, comparative, and political analysis* (Nua Eabhrach, 2005), lth. 39.

²⁶ Eithne Fitzgerald, *Alternative Strategies for Family Income Support*, lth. 45.

²⁷ Tá líon suntasach leathrátaí MLC ach tá siad sin á n-íoc ar bhonn ioncam teaghlaigh seachas an bunchoincheap go bhfuil difríocht ar an leibhéal tacaíochta trasna leanaí.

- Sa dara dul síos, dearadh FIT mar shochar fostaíochta chun an dreasacht gluaiseacht ó leas sóisialach go dtí fostaíocht (nó fanacht i bhfostaíocht) a choimeád i gcúinsí nach mbeadh an fostaí ach beagán níos fearr as ná mar a bheadh sé agus é/í ag éileamh íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile;
- Sa tríú dul síos, samhlaíodh FIT mar bheart sealadach ag fanacht le leasú foriomlán ar thacaíocht ioncam leanaí a thabhairt isteach. Níor leanadh leis an bplean leasaithe sin ag an am agus tá FIT fós mar thacaíocht ioncam leanaí sonraithe do theaglaigh ar ísealioncaim.

Molann Callan *et al.* gur tugadh an FIT isteach ag am nuair a bhí cúiteamh ard as fostaíocht i gcomparáid le tuillimh phoitéinsiúla. Chonacthas go raibh sé sin ag déanamh damáiste don dreasacht glacadh le fostaíocht agus chuir ráitis oifigiúla béim ar an ngá righneas sa mhargadh saothair a mhaolú trí fheabhas a chur ar staid ioncaim teaghlaigh ísealioncaim á dtacú ag fostaí. Cuireann siad in iúl ó na Cláir Chaiteachais Phoiblí Chuimsitheacha, 1984 gurb é *“príomhchuspóir na scéime ná an dreasacht fostaíochta a chothú trí thacaíochtaí airgid a chur ar fáil d’oibríthe le teaghlaigh atá ar ísealioncaim agus mar thoradh air sin ní bheadh siad ach beagán níos fearr as ná mar a bheadh siad agus iad ag éileamh sochair Leasa Shóisialaigh”*.²⁸

Breathnaíodh go raibh sé an-ábhartha go deo tabhairt faoin ngné dídhreasachta de na híocaíochtaí dífhostaíochta dóibh siúd a fhaigheann MLC mar bheadh siad sin caillte ar dhul ar ais ag obair dóibh. Dúirt an tAire agus é ag cur na scéime i láthair i Dáil Éireann i 1984 go *“n-éiríonn an suíomh seo go páirteach ó struchtúr na scéimeanna sochair iad féin a chuireann líon teaghlach san áireamh fad is go n-íoctar pá is cuma faoi stádas teaghlach nó pósta. Éiríonn sé freisin mar gheall ar na méaduithe suntasacha a tháinig isteach le blianta beaga anuas i rátaí sochair coibhneasta do ghlantuillimh. Cé gur minic a bhíonn oibreoirí ar ísealioncam díolúine ó cháin ioncaim nó i dteideal faoiseamh imeallach d’fhéadfadh an ‘gaiste bochtanais’ a bheith amhlaidh go laghdaíonn sé an dreasacht dul i bhfostaíocht i gcásanna áirithe ... measaim go gcuirfidh an forlíonadh ioncam teaghlaigh méid suntasach tacaíochta ar fáil don chuid sin den phobal nach féidir a riachtanais a chomhlíonadh a dhóthain laistigh de scóip an chórais leasa shóisialaigh reatha nó laistigh den chóras cánach mar atá sé struchtúrtha faoi láthair”*.²⁹

Maidir leis an dá chuspóir luaite eile i leith FIT fad is go bhfuil an suntas maidir le forlíonta bia a chailliúint imithe le fada an lá, go dtí go dtabharfar isteach leasú cuimsitheach ar

²⁸ Tim Callan, Mary Keeney, Brian Nolan, agus John R. Walsh, *Reforming Tax and Welfare*, Institiúid Taighde Sóisialta agus Eacnamaíochta (Baile Átha Cliath, 2001), lth. 38.

²⁹ *Díospóireachtaí Historical Debates, Imleabhar 348*, an Bille Leasa Shóisialaigh 1984, 14 Márta, 1984, an tAire Leasa Shóisialaigh.

thacaíochtaí ioncam leanaí tá tabhairt isteach FIT mar bheart sealadach ábhartha fós. Fad is atá roinnt athruithe déanta agus athruithe á moladh don scéim i roinnt tuarascálacha agus moltaí, tá FIT fós beagnach slán ó tugadh isteach é. Mhol an Gasra Oibre Saineolaithe ar na Córais Leasa Shóisialaigh agus Cánach a Chomhtháthú³⁰ agus an gaiste bochtanais ag éirí as FIT a tharraing siar, agus an fhadhb tógáil suas, sainaithnithe acu, go gcuirfear an sochar i bhfostaíocht (SO) in ionad an FIT agus an liúntais cánach leanaí le híocaíocht shingil chomhtháite (Forlíonadh Sochar Teaghlaigh). Ba é sin an seasamh a bhí ag an gCoimisiún um Leas Sóisialach freisin. Níor cuireadh na moltaí sin ar aghaidh, cé go n-iarann athruithe ar an íocaíocht FIT feabhas a chur ar a éifeachtacht. (féach ar Chaibidil 3 le haghaidh mionsonraí). Rinneadh breathnú ar an tuairim MLC agus FIT a chomhtháthú freisin níos deireanaí i ndoiciméad na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (CNES): *Tacaíochtaí Ioncam Leanaí na hÉireann: An cás le spriocdhírú.*³¹

Fionnachtain 2-3: Cuspóirí na híocaíochta FIT

Tugadh FIT isteach mar shochar fostaíochta chun an dreasacht dul ó leas sóisialach go fostaíocht (nó fanacht i bhfostaíocht) a choimeád slán i gcúinsí ina bhféadfadh an fostaí a bheith níos fearr as ná mar a bheadh sé/sí agus íocaíochtaí leasa shóisialaigh á n-éileamh aige/aici. Níos déanaí, tá béim curtha ar ról FIT mar thacaíocht do theaghlaigh le leanaí ar fhostaíocht ísealioncaim.

2.2 Cuspóirí comhdhlúite Polasaí TIL

Tháinig iontraimí tacaíochta ioncam leanaí na hÉireann chun cinn ag amanna éagsúla ag freagairt ar riachtanais difriúla. Le linn an-chuid dá luathstair, is féidir an argóint a dhéanamh go raibh ailtireacht chomhleanúnach in easnamh acu i dtéarmaí a gcuspoirí foriomlána agus beachtas in easnamh timpeall bunchoincheapanna mar an leibhéal tacaíochta le soláthar agus an tslí ina raibh sí le soláthar (mar atá le feiceáil san fhíoras gur trí na córais sochair agus chánach a cuireadh tacaíocht ar fáil do theaghlaigh le leanaí go dtí na 1980í).

Mar sin féin, tá comhleanúnachas níos mó tagtha chun cinn sna tríocha bliain atá thart go háirithe mar fhreagairt ar fhorbairtí sa mhargadh saothair. Fad is gur lean siad de bheith scartha is féidir an argóint a dhéanamh gur tosaíodh ar na trí phríomhíocaíocht a fheiceáil mar chuid de straitéis níos leithne tacaíochta ioncam leanaí. Mar shampla, comhdhlúthaíodh na hionstraimí uilíochas araon (liúntais chánach do leanaí agus liúntas

³⁰ *Report of the Expert Working Group on the Integration of the Tax and Social Welfare System* (Baile Átha Cliath, 1996), lth. 50.

³¹ *Ireland's Child Income Supports: The Case for a New Form of Targeting*, An Chomhairle Náisiúnta agus Sóisialta, Sraith Taighde Páipéar Uimh. 6 (Baile Átha Cliath, 2007).

leanaí) isteach in aon íocaíocht Sochar Leanáí i 1986; Thosaigh na rátaí íoctha ar leanaí cleithiúnacha ag coinbhéirsiú ó na 1980í déanacha fiú murar baineadh ráta singil MLC amach go dtí 2006; agus rinneadh athruithe suntasacha ar an íocaíocht FIT chun feabhas a chur ar a éifeachtacht mar thacaíocht fostaíochta agus mar thacaíocht ioncam leanaí do theaghlaigh ar ísealioncam.

B'fhéidir agus níos tábhachtaí, d'athraigh rialtais ó lár na 1990í, an chothromaíocht idir SL agus BLC / MLC d'aon ghnó chun acmhainní breise a dhíriú ar theaghlaigh le leanaí ach gan dídhreasachtaí fostaíochta a dhéanamh níos measa. Tá fás suntasach ar rátaí íocaíochta SL agus athruithe sna rialacha a thugann buntaca do na scéimeanna sin (FIT) le roinnt bliana anuas. Mar thoradh, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil dhá phríomhchuspóir ag baint le polasaí agus íocaíochtaí tacaíochta ioncam leanaí.

Fionnachtain 2-4: Dhá phríomhchuspóir polasaí tacaíochta ioncam leanaí

Is iad an dá phríomhchuspóir atá le polasaí tacaíochta ioncam leanaí ná trí réimse íocaíochtaí, cabhair a chur ar fáil do theaghlaigh go léir le leanaí in aitheantas ar na costais níos airde a bhaineann le cúram leanaí agus leanaí a thógáil i slí a thugann rogha do thuismitheoirí ar an tslí a úsáidfeadh é agus cúnamh sonraithe ar theaghlaigh ar ísealioncam le leanaí a íoslachdaíonn dídhreasachtaí margaidh nó a chuireann go dearfach le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair chun bochtanas ina leithéid de theaghlaigh a laghdú.

2.2.1 Ag rannchuidiú le costas cúram leanaí (“athdháileadh cothrománach”)

Cuireann Rialtais i roinnt tíortha forbartha tacaíocht ioncam leanaí ar fáil do theaghlaigh go léir le leanaí pé acu go díreach trí shochair airgid nó go neamhdhíreach trí pholasaithe cánachais.³² Athraíonn sainchuspóirí polasaithe TIL gach tíre go suntasach agus tá siad le brath i struchtúr a gcuid íocaíochtaí. Mar sin féin, is dóigh go bhfuil prionsabal ginearálta mar bhun le polasaithe mar sin go gcuireann tógáil leanaí costais shuntasacha bhreise ar theaghlaigh agus gur chóir an chuid sin de a roinnt ar an tsochaí ar an iomlán. Thug an Coimisiún um Leas Sóisialach (1986) faoin gceist sin i gcomhthéacs na hÉireann agus nuair a chuirtear san áireamh go raibh coinne ag an gCoimisiún lena lán de na saincheisteanna a bhí ann don athbhreithniú sin, is fiú cur síos réasúnta fada a thabhairt ar a gcuid tuairimí.

³² Féach mar shampla ar Jonathan Bradshaw agus Naomi Finch, *A Comparison of Child Benefit Packages in 22 countries*, Department for Work and Pensions Tuarascáil Taighde Uimh. 174 (Huddersfield, 2002).

Luíonn aon tuairimí faoi thacaíochtaí ioncam teaghlaigh ar fhoshuíomhanna faoi ról an Stáit maidir leis an teaghlach. D'fhéadfaí argóint a dhéanamh cinnte nach bhfuil freagracht ar bith ag an Stát ar leanaí agus go bhfuil an freagracht sin ar thuismitheoirí amháin. Ní ghlacaimid leis an gcur chuige laissez-faire sin ar chor ar bith; is saoránaigh iad leanaí freisin agus tá cearta agus riachtanais acu le cosaint. Chomh maith leis sin, tá sé aitheanta ag an Stát leis na céadta bliain, fiú ag a thréimhse is iarmharaí, íosfeidhmeanna maidir le sláinte agus cothú leanaí. Ná ní ghlacaimid lena mhalairt de thuairim go bhfuil freagracht iomlán ag an Stát riachtanais ar fad leanaí go léir a chomhlíonadh lena n-áirítear iad siúd ag a bhfuil go leor acmhainní ag a dteaghlaigh. Tá sé cuí dar linne go roinneann an Stát costas leanaí a thógáil agus a chothú le tuismitheoirí. Ní chiallaíonn sin go ndéantar tacaíochtaí ioncam leanaí i slí roghnaitheach dian do ghrúpa teaghlaigh ar ísealioncam amháin ach do thugtar rannchuidiú d'ioncam teaghlaigh go léir agus go ndéantar soláthar iomlán do leanaí sna teaghlaigh sin gan ioncam.³³

Lean an Coimisiún ar aghaidh chun an cur chuige sin a chosaint:

- Cabhraíonn tacaíochtaí ioncam leanaí le teaghlaigh ioncam agus tomhaltas a chothromú thar a saolré. In éifeacht, cabhraíonn siad le dáileadh costais an chéad ghlúin eile a thógáil thar an tsochaí ina hiomláine seachas a ligean do mhionlach daoine fásta atá ag tógáil leanaí ag am áirithe seo iad a iompar;
- De bhrí go mbaineann costais eacnamaíochta agus sóisialta don tsochaí ina hiomláine le daonra agus fórsa oibre a atáirgeadh tá sé buntáisteach go heacnamaíoch na costais cothaithe do theaghlaigh oibrithe a 'chomhthiomsú';
- Tá an tábhacht atá inchurtha i leith an-chuid tíortha tacaíocht a chur ar fáil d'aonaid teaghlaigh le brath i 'bpolasaí teaghlaigh' follasach. In Éirinn, tá ról an teaghlaigh aitheanta sa Bhunreacht agus sa chreat níos leithne luachanna agus traidisiúin a chuireann polasaí sóisialta ar an eolas. Chríochnaigh an Coimisiún um Leas Sóisialach go *"n-éileodh na luachanna agus na traidisiúin sin córas inghlactha tacaíochta ioncam teaghlaigh"*.³⁴

De réir réasúnaíocht an Choimisiúin, is féidir le polasaithe tacaíochta ioncam leanaí sochair shóisialta agus eacnamaíochta araon a chur ar fáil. I dtéarmaí eacnamaíochta tá athdháileadh cothrománach nasctha le coincheap teip an mhargaidh nó "seachtrachtaí" chomh fada agus is féidir díbhéirseacht a bheith idir costais phriobháideacha an teaghlaigh ag tógáil leanaí agus na leasa sóisialta don daonra ina iomláine ó leanaí a thógáil.³⁵ Trí chúnamh a sholáthar do theaghlaigh go léir dáiltear ioncam ó theaghlaigh gan leanaí cleithiúnacha do theaghlaigh le leanaí. Athdháileann a leithéid d'aistrithe, in éifeacht, acmhainní trasna shaolré duine agus dá réir ag smúdáil amach a gcuid ioncaim agus

³³ *Commission on Social Welfare*, An Roinn Leasa Shóisialaigh (Baile Átha Cliath, 1986), lth. 293.

³⁴ *Ibid.*, lth. 294

³⁵ Anthony McCashin, *Social Security in Ireland*, An Chéad Eagrán (Baile Átha Cliath, 2004), lth. 100.

tomhaltais. Dá bhrí sin is é an réasúnaíocht eacnamaíoch taobh thiar de thacaíochtaí ioncam leanaí ná cuireann siad 'athdháileadh cothrománach' agus athdháileadh 'saolré' ar fáil. Tá sé níos dóichí go mbeidh ról sóisialta athdháileadh cothrománach á bhunú ar dhearcadh an tsochaí ar ról an teaghlaigh i gcothú agus atáirgeadh an tsochaí. Má fhéachtar ar an teaghlach mar bhunaíocht laistigh den tsochaí, ansin tá leasa sóisialta tábhachtacha mar a fheictear ag sreabhadh ó chabhair a thabhairt do theaghlaigh trí thacaíocht ioncaim agus/nó seirbhísí fiú dá bhféadfadh nádúr na tacaíochta sin a athrú thar am.

Fionnachtain 2-5: Príomhchuspóirí polasaí – cúnamh le costas leanaí a thógáil

Ceann de na príomhchuspóirí taobh thiar de thacaíochtaí ioncam leanaí a íoc ná cúnamh a chur ar fáil do theaghlaigh go léir le leanaí in aitheantas ar na costais níos airde a bhaineann le leanaí a thógáil i slí a thugann rogha do thuismitheoirí faoin tslí ina ndéantar é sin. Sainmhínítear an cuspóir sin go minic i dtéarmaí "athdháileadh cothrománach" sa mhéid is nach gcuirtear ioncam san áireamh. Fad is gur cuspóir comhsheasmhach é sin ó na 1940í, tá an tslí ar leith ina shainmhínítear é athraithe ó thacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh faoi leith do chúnamh níos ginearálta maidir le teaghlaigh go léir agus leanaí go léir. Níl an leibhéal cúnamh do theaghlaigh go léir sainmhínithe go sonrath.

2.2.2 Bochtanas leanaí a laghdú (“athdháileadh ingearach”)

I roinnt tíortha, lena n-áirítear Éire glactar leis nuair a bhíonn leanaí i dteaghlach go mbíonn riosca níos airde bochtanais ann don teaghlach.³⁶ Tarlaíonn sin mar gheall ar dhá phríomhchúis. Baineann an chéad cheann le costas díreach leanaí i dteaghlach mar le haghaidh aon uimhir leanaí, beidh ioncam níos airde ag teastáil chun paireacht tomhaltais a chothabháil le teaghlaigh gan leanaí. Baineann sé sin le caiteachas laethúil atá ag teastáil do leanaí mar bhia chomh maith le rudaí eile do leanaí mar oideachas srl. Ní thógtar an t-ioncam sa bhreis atá ag teastáil chun paireacht tomhaltais a bhaint amach de ghnáth ar bhonn 'duine le duine' (sé sin, níl costas dhuine fásta cothrom le costas linbh go díreach) agus ina ionad baintear úsáid as coincheap “scálaí coibhéise” chun ioncam a ríomh ar bhonn comparáideach. Cuirtear iad sin san áireamh san athbhreithniú.

Tá an dara cainéal bochtanais níos indírí. Féadfaidh éifeacht diúltach a bheith ag leanaí, agus go háirithe an riachtanas cúram a thabhairt do leanaí óga, ar chinntí rannpháirtíochta san fhórsa oibre go háirithe ar thuismitheoirí agus máithreacha. Féadfaidh éifeacht dhiúltach a

³⁶ Mar shampla, de réir an Phríomh -Oifig Staidrimh SIDM 2008, bhí 18.0% de dhaoine san aoisghrúpa 0-17 faoi riosca bochtanais (60% ioncam coibhéisithe, lena n-áirítear aistrithe sóisialta) a bhí 3.6 faoin gcéad pointí níos airde ná an ráta do dhaoine go léir (14.4%).

bheith aige sin ar ioncam ó fhostaíocht agus bheadh riosca bochtanais níos airde mar thoradh air mar sin.

Tá éifeacht an dá chainéal sin le brath san anailís riosca bochtanais foilsithe ag an PS. Ina anailís ar shuirbhéirbheacht SIDM 2007, fuair an PS amach gur dúblaíodh beagnach an riosca bochtanais sa teaghlach sin ina raibh 3 nó níos mó leanaí³⁷ ach do thuismitheoirí aonair le leanaí faoi 18 mbliana d'aois bhí an riosca bochtanais 37.6% nó dhá oiread an mheáin náisiúnta.

Tugann an nasc idir leanaí i dteaghlach agus rátaí bochtanais níos airde suntas do ról níos leithne an Stáit tabhairt faoi athdháileadh bhochtanaís agus ioncaim. Cuireann an bhaint atá ag leanaí le rioscaí bochtanaís níos airde príomhchuspóir “príomhathdháileadh ingearach” do thacaíocht ioncam leanaí ar fáil. Bíonn bochtanas i dteaghlaigh gan leanaí ach más dócha go gcuireann leanaí brúnna breise ar theaghlaigh agus méaduithe riosca bochtanaís tá réasúnaíocht shoiléir idirghabhála ann. Cinnte, má tá idirghábhálaithe Stáit le bheith éifeachtach ní mór dóibh tabhairt faoi na cainéil sin go díreach (m.sh. trí fhorlíoanta ioncaim a chur ar fáil dá leithéid de theaghlaigh) nó go hindíreach (m.sh. trí dhídhreasachtaí fostaíochta a sheachaint nó feabhas a chur ar dhreasachtaí airgeadais).

Fionnachtain 2-6: Príomhchuspóir polasaí - bochtanas leanaí a laghdú

Príomhchuspóir eile um thacaíocht ioncam leanaí is ea cúnamh trí réimse íocaíochtaí sonraithe ar theaghlaigh ar ísealioncam le leanaí a chur ar fáil i slí a íoslaghdaíonn dídhreasachtaí an mhargaidh shaothair nó a chuireann go dearfach le dreasachtaí an mhargaidh shaothair chun bochtanas a laghdú ina leithéid de theaghlaigh. Tá an cuspóir sin nasctha leis an dearcadh go bhfuil leanaí bainteach le rioscaí bochtanaís níos airde go díreach trí na costais a bhaineann le leanaí a thógáil agus go hindíreach trína éifeacht ar dhreasachtaí an mhargaidh shaothair.

2.2.3 Cuspóirí eile TIL

Tá seasamh maith ar son na híocaíochta sochar bainteach le leanaí uaireanta ar chúiseanna seachas an dá cheann sainithnithe thuas. Tá sé sin amhlaidh go háirithe leis an íocaíocht Sochar Leanaí. Go deimhin, d'fhéadfadh argóint a dhéanamh go ndéanann nádúr na híocaíochta uilíche ann féin é níos inchúisithe tabhairt faoi iliomad cuspóirí. Ní bheadh sé

³⁷ An PS SIDM 2007, lth. 53.

neamhghnáth i dtéarmaí idirnáisiúnta go mbeadh iliomad cuspóirí ag polasaí teaghlaigh agus tacaíochtaí ioncam leanaí. De réir na ECFE ³⁸, tugtar tacaíocht ar roinnt chúiseanna agus athraíonn nádúr agus cuspóirí na tacaíochta araon go suntasach idir tíortha. Áirítear sna cuspóirí tacaíocht a chur ar fáil do chúram leanaí, athdháileadh ioncam laistigh den teaghlach a athrú trí shruthioncaim a chur ar fáil do mhná agus dídhreasachtaí fostaíochta tuismitheoirí a sheachaint. Cuspóir amháin – eadhon breith leanaí a chothú – pléite freisin ach ní mheastar go bhfuil sé ábhartha go díreach do shuíomh na hÉireann.

Dídhreasachtaí fostaíochta tuismitheoirí a íoslaghdú

Ag leanúint ar aghaidh ó údair imní faoi ardleibhéil dífhostaíochta i lár na 1990í, bhí imní shuntasach ann go raibh an príomhmhodh le tacaíocht ioncam a sheachadadh ag cur leis an bhfadhb. Luaitear sa tuarascáil Sainghrúpa Oibre um Cháin agus Leas Sóisialach a Chomhtháthú (Report of the Expert Working Group on the Integration of the Tax and Social Welfare System) (1996) *“inár foradharc ar an gcóras reatha um (thacaíocht ioncam leanaí) shainnithníomar go raibh teaghlaigh le leanaí nochtaithe níos mó do "ghaistí" ag éirí as Liúntais Leanaí Chleithiúnacha (a chuireann le gaistí dífhostaíochta) agus Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIT) (a fhéadfaidh an gaiste bochtanaís a chruthú ag leibhéil ioncaim áirithe)”*.³⁹ D'fhéadfadh go gciallódh cnuasach de thuillimh ísle phoitéinsiúla, teaghlaigh móra agus struchtúr ioncam leanaí ag brath ar íocaíochtaí sonraithe go gcaillfeadh roinnt daoine dífhostaithe leibhéil shuntasacha tacaíocht ioncaim dá rachadh siad i bhfostaíocht. Thug sé le tuiscint freisin dá mba rud é go rachadh duine chun feabhas a chur ar a ioncam os cionn tairseacha FIT bheadh siad thíos ag cailteanas substaintiúil FIT ag cruthú gaiste fostaíochta suntasach dá réir. Lean fócas tacaíocht ioncam leanaí a sheachadadh trí SL agus leibhéil na MLC (BLC roimhe sin) Ioncam Leanaí a chalcadh, moltaí an ghrúpa, curtha ar an eolas ag taighde na ITES, Mar achoimre, mar sin, ní hé fostaíocht tuismitheoirí a éascú príomhchuspóir tacaíocht ioncam leanaí a chur ar fáil. Mar sin féin, is cuid thábhachtach den chóras um thacaíocht a sheachadadh do theaghlaigh i slite a sheachnaíonn dídhreasachtaí d'fhostaíocht tuismitheoirí agus a chothaíonn fostaíocht tuismitheoirí é tacaíocht ioncam leanaí.

Cúnamh le costas cúram leanaí a chur ar fáil do thuismitheoirí

Le blianta beaga anuas tá an cuspóir cúnamh díreach a chur ar fáil do theaghlaigh um chostais cúram leanaí a íoc, curtha ar aghaidh mar réasúnaíocht don leibhéal sochar leanaí a mhéadú. Tharla sé sin ag am a raibh fás mór ar éileamh áiteanna cúram leanaí nasctha ansin le méadú rannpháirtíocht ban sa lucht saothair. Bhí méadú mear ar chostais chúram leanaí

³⁸ *Benefits and Wages 2007*, ECFE (Páras, 2007). Bhí fócas ar leith an phlé ar thacaíocht tuistechúram tuismitheora agus neamhthuistechúram leanaí.

³⁹ *Report of the Expert Working Group on the Integration of the Tax and Social Welfare System*, lth. 38.

mar thoradh ar shrianta gearrthéarmacha ar sholáthar áiteanna cúram leanaí, déanta níos measa is dóigh le héifeacht riachtanais rialacháin níos déine. Fad is gur cuireadh acmhainní ar fáil chun an méid áiteanna do chúram leanaí a mhéadú go díreach (tríd an gChlár Comhdheiseanna Cúram Leanaí) agus go hindíreach (trí shocruithe cúram leanaí a áireamh do cháin fabhair) rinneadh argóintí láidre gur chóir don Rialtas tacaíochtaí ar thaobh an éilimh go príomha trí mheán creidmheasanna cánach do chaiteachas teaghlaigh ar chúram leanaí íoctha a chur ar fáil.

Mar fhreagairt mhéadaigh an Rialtas an leibhéal Sochar Leanaí ar dtús agus thug siad isteach an Forlíonadh Luathchúraim Leanaí do leanaí níos óige ina dhiaidh sin. Trí íocaíocht uilíoch a roghnú dírithe ar leanaí go ginearálta seachas íocaíocht nó creidmheas cánach dírithe ar chúram leanaí íoctha, chuir an Rialtas tacaíocht do gach sórt cúram leanaí ar fáil, pé acu ar ceannaíodh é nó ar cuireadh ar fáil é laistigh den aonad teaghlaigh. Mar sin féin, tá cur chuige níos spriocdhírthe curtha i bhfeidhm ag forbairtí ó shin (díothú Forlíonadh Luathchúraim Leanaí i bhfabhar na Scéime SCOL agus tá maolú ar na hargóintí a fheiceann íocaíochtaí TIL mar mheicníocht chuí chun tacaíochtaí ginearálta a chur ar fáil do chúram leanaí i bhfabhar chur chuige níos díri.

Cá mhéid is gá cúram leanaí a chur san áireamh mar chuid den athbhreithniú? Go deimhin, ní iarrann an t-athbhreithniú polasaí cúram leanaí an Rialtais a mheas go cuimsitheach.⁴⁰ Níor mhór d'athbhreithniú mar sin, nádúr teipeanna sa mhargadh a tugadh faoi deara, sainchuspóirí mar é sin san fhógra Barcelona ar spriocanna d'áiteanna cúram leanaí,⁴¹ na cineálacha idirghábhálacha sa mhargadh (tacaíochtaí ar thaobh an éilimh) , tacaíochtaí ar thaobh an tsoláthair, caiteachas cánach agus rialú rialála caighdeán), a mhalairt de chur chuigí agus táscairí a chur san áireamh. Mar sin féin, ní mór a chur san áireamh san athbhreithniú go bhfuil tacaíochtaí ioncam leanaí mar chuid de straitéis níos leithne chun cabhrú le tuismitheoirí le costas cúram leanaí agus is féidir leis sin dá réir fostaíocht tuismitheoirí a éascú agus mar sin feabhas a chur ar ioncam teaghlaigh. Tá an straitéis níos leithne sin i gcomhréir leis an dá phríomhchuspóir sainaithe do thacaíocht ioncam leanaí. In éifeacht, is féidir féachaint ar chúram leanaí íoctha mar ghné amháin den chostas a bhaineann le leanaí a thógáil agus is féidir éifeachtacht tacaíocht ioncam leanaí chun an dara chuspóir sin a sheachadadh a mheas sa chomhthéacs sin. I dtéarmaí aon mholtaí feabhas a

⁴⁰ *Value-for-Money Review of the Equal Opportunities Childcare Programme (EOCP)*, Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (Baile Átha Cliath, 2007).

⁴¹ Mar chuid den mhodh oscailte comhordaithe, chomhaontaigh rialtais AE na spriocanna sin chun soláthar cúram leanaí oiriúnach a chinntiú mar "chéim riachtanach i dtreo comhdheiseanna fostaíochta idir mná agus fir". Sa bhliain 2002, ag Cruinniú Mullaigh Barcelona, leag An Chomhairle Eorpach síos spriocanna cúram leanaí a chur ar fáil roimh 2010 do 90% ar a laghad de leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois scoile éigeantach agus 33% de leanaí ar a laghad faoi 3 bliana d'aois. Féach ar an nasc seo a leanas
<http://europa.eu/rapid/pressReleasesAction.do?reference=MEMO/08/592&format=HTML&aged=0&language=EN&guiLanguage=en>

chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na n-íocaíochtaí sin, d'fhéadfadh éifeacht an chuspóra tánaistigh sin a mheas.

Ag soláthar ioncam neamhspleách do mhná

Tá sé ráite san am atá thart go gcuireann íocaíocht Sochar Leanaí 'ioncam neamhspleách ar fáil do mháithreacha' agus dá réir ag cur feabhas ar athdháileadh ioncaim laistigh den teaghlach. Go dtí na 1970í luatha íocadh Liúntas Leanaí don athair go foirmiúil laistigh den teaghlach cé gur síníodh é don mháthair ina lán cásanna.⁴² Ag leanúint ar mholadh i dTuarascáil na Comhairle ar Stádas Ban (1972), athraíodh an reachtaíocht chun Liúntas Leanaí a íoc trí mhainneachtain do mhná - bhí feidhm aige sin go háirithe le héilimh nua. Le teacht isteach SL i 1986 bhí an próiseas sin críochnaithe go háirithe agus luach liúntais chánach leanaí (íoctha de ghnáth le ceann firinn an teaghlaigh) comhchuimsithe isteach san íocaíocht sochar leanaí. Tá aitheantas SL mar íocaíocht do mhná go mór i mbéal an phobail fós inniu. Sa bhliain 2009, tuairiscíodh i bpobalbhreith an Irish Times / TNS MRBI *“nuair a iarradh orthu ar mheas siad gur íocaíocht speisialta an Stáit do mhná é Sochar Leanaí in aitheantas a ról mar mháithreacha, dúirt 61 faoin gcéad gur mheas siad gurbh é agus 31 faoin gcéad nár mheas siad gurbh é; Bhí an dearcadh sin ag 66 faoin gcéad de mhná fad gurbh é 56 faoin gcéad a bhí an figiúr i measc fear.”*⁴³ Ag cur an pacáiste leasa shóisialaigh i láthair i mBuiséad 2010 ina dhiaidh sin, rinne an tAire Coimirce Sóisialaí an smaoineamh taobh thiar den íocaíocht a shoiléiriú: *“i gcás an-chuid ban is féidir leo obair a dhéanamh lasmuigh den teach a bhuíochas do SL a chabhraíonn leo le costais chúram leanaí. Agus fiú maidir le mná ó theaghlaigh ardioncaim féadfaidh gurbh é an t-aon airgead a íoctar go díreach dóibh. Bheartaigh an Rialtas mar sin i gcoinne Sochar Leanaí a tharraingt siar go hiomlán ó aon teaghlach ar bith.”*⁴⁴

Cén ábharthacht atá ag torthúlacht más ann dóibh.?

Tá sé pléite uaireanta go bhfuil sé ar leas na tíre breitheanna a chothú ós rud é go dtugann leanaí modh trína atáirgeann sochaí iad féin agus trína gcothaítear fás eacnamaíoch. Ní bhfuarthas aon léirchuspóirí natalacha d'íocaíochtaí tacaíochta ioncam leanaí san athbhreithniú agus chun na fírinne a rá, fágadh amach an dearcadh polasaí sin ar theacht isteach íocaíocht Liúntas Leanaí i 1944. Níor tugadh aird air sin mar chuspóir in aon cheann de na hathbhreithnithe ar pholasaí tacaíochta d'ioncam leanaí ina dhiaidh sin. Ní dóigh go mbeadh se cuí, mar sin, é sin a chur san áireamh mar chuspóir chun ar na híocaíochtaí ina choinne a mheas.

⁴² Rinneadh suas go 90% d'íocaíochtaí LL a íoc le mhná.

⁴³ *The Irish Times* -, Meán Fómhair 28, 2009.

⁴⁴ *Díospóireachtaí Historical Debates, Imleabhar 698*, an Bille Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2009, 10 Nollaig, 2009, an tAire Coimirce Sóisialaí.

Mar sin féin, is fiú tabhairt faoin gceist sin i slí dhifriúil. Cén tslí a gcuireann polasaí TIL le polasaithe níos leithne teaghlaigh agus go háirithe le cinntí teaghlach líon leanaí inmhianaithe a bheith acu? Féachann staidéar déanta ag an ECFE le déanaí ar éifeacht íocaíochtaí tacaíochta ioncam teaghlaigh agus leanaí. Níor chuir an staidéar as an áireamh ról éigin do pholasaí poiblí go ginearálta agus aistrithe airgid do theaghlaigh le leanaí sa réimse sin de pholasaí teaghlaigh agus tháinig siad ar an gconclúid seo a leanas: *“Fad is atá laghdú suntasach ar rátaí torthúlachta thar na deich mbliana seo caite i dtíortha na hECFE, tá luas an laghdaithe sin — agus sna leibhéil bainte amach — éagsúil trasna tíortha ... Ag an am céanna, tá fianaise de bhearna thábhachtach idir rátaí inmhianaithe torthúlachta agus iad tugtha faoi deara agus de mhéadú sa bhearna sin thar am ann freisin... Is féidir na hathruithe sin in iompar sna tréimhsí inar féidir le bean leanaí a shaolú a mhíniú go páirteach trí athruithe i luachanna daoine maidir le rólanna teaghlaigh agus inscne ... Laghdaíonn creidmheasanna cánach, sochair airgid, agus tacaíocht chun cabhrú le teaghlaigh a gcostais chúram leanaí a chomhlíonadh go léir costas díreach leanaí ach athraíonn a dtábhacht go mór trasna tíortha. Tá an poitéinsíúil ag infhaighteacht cúram leanaí agus cead saoire na deischoistais a bhaineann le máthaireachas a mhaolú. Tugann anailís trastíre le tuiscint go bhfuil rátaí torthúlachta níos airde i dtíortha na hECFE le hinfaighteacht níos mó ar chúram leanaí, costais dhíreacha níos lú do leanaí, infhaighteacht páirtaimsearachta níos airde agus cead saoire níos faide ... taispeánann meastacháin ... go gcabhraíonn aistrithe do theaghlaigh le leanaí, chomh maith le forálacha a cheadaíonn do mháithreacha déileáil níos fearr le freagrachtaí gairme agus teaghlaigh fáil réidh le deacrachtaí leanaí a thógáil.”*⁴⁵

Tá nasc déanta idir íocaíochtaí a bhaineann le leanaí agus leibhéil níos airde torthúlachta i dtíortha áirithe. Níor glacadh go raibh a leithéid de nasc ann in Éirinn ag staid luath d'fhorbairt na dtacaíochtaí sin agus ní raibh aon fhianaise ann gur imir sé ról díreach ar pholasaí a dhéanamh. Mar sin féin, i dtíortha na ECFE tá claonadh ann ag treoshuíomhanna polasaí úrnua béim a chur ar ról polasaí oifigiúil teaghlaigh a ligean an bhearna idir líon leanaí inmhianaithe agus iarbhir a laghdú agus an ról tacaíochtaí ioncam teaghlaigh an cuspóir sin a bhaint amach. Mar sin, féadfaidh tacaíochtaí ioncam leanaí ról a imirt laistigh den réimse beart dírithe i dtreo an chuspóra polasaí teaghlaigh sin níos leithne a bhaint amach.

Fionnachtain 2-7: Cuspóirí polasaí tánaisteacha:

Shainithníodh san athbhreithniú roinnt chuspóirí tánaisteacha le suntas éagsúil. Is cuspóir tánaisteach suntasach é tacaíocht a sheachadadh do theaghlaigh i slí a sheachnaíonn dídhreasachtaí dífhostaíochta tuismitheoirí. Tá cabhair tugtha ag íocaíochtaí Tacaíochta Ioncam Leanaí le costais chúram leanaí in éineacht le costais eile a bhaineann le leanaí a

⁴⁵ Anna Cristina D’Addio agus Marco Mira d’Ercole, *Trends and Determinants of Fertility Rates in OECD Countries: The Role of Policies*, Páipéir Oibre Sóisialta, Fostaíochta agus Imirce Uimh. 27, ECFE (Páras, 2005), lth. 4-5.

thógáil (príomhchuspóir). Bhí sé sin an-ábhartha go deo nuair a díriodh an fhreagairt polasaí ar thacú le gach cineál roghanna cúram leanaí. Sa mhéid is go bhfuil polasaí cúram leanaí dírithe anois ar thacaíocht níos díri a chur ar fáil, tá lagú tagtha ar a réasúnaíocht mar thacaíocht do chúram leanaí. Mar sin féin, ní mór do pholasaí TIL gan dearmad a dhéanamh ar na himpleachtaí do cuspóirí cúram leanaí. Tá an íocaíocht SL aitheanta freisin le déanaí mar shlí chun ioncam neamhspleách a chur ar fáil do mhná. Fad is go bhfuil torthúlacht curtha as an áireamh go cinnte mar chuspóir díreach do thacaíocht ioncam leanaí, léiríonn an taithí idirnáisiúnta go bhféadfaidh a leithéid de thacaíochtaí ról a imirt laistigh den réimse leathan beart laistigh de pholasaí níos leithne teaghlaigh.


2.2.4 SL – tacaíocht chothrománach agus ingearach?

Go deimhin, imríonn MLC agus FIT ról tábhachtach bochtanas a laghdú agus mar sin in athdháileadh ingearach. Le díothú na liúntas cánach sna 1980í, tá sé soiléir gurb é SL an príomhionstraim in athdháileadh chothrománach do theaghlaigh le leanaí. Tá an cathú ann b'fhéidir SL a mheas de réir a chuspóra athdháilte comhrománaigh amháin. Bheadh sé sin neamhchuí ar dhá chúis. Ar an gcéad dul síos bíonn éifeacht dhíreach ag íocaíochtaí SL ar an ioncam indiúscartha teaghlaigh go léir le leanaí agus mar sin bíonn ról substaintiúil acu ísealioncam nó teaghlaigh gan aon ioncam a ardú chun go laghdófaí an dealraitheacht go mbeidh taithí acu ar bhochtanas ioncaim. Fad is nach féidir le híocaíochtaí SL, ina n-aonar, teaghlach le leanaí a thabhairt os cionn an líne bhochtanaís, soláthraíonn siad, in éifeacht, "ardán" ioncaim inar féidir le hionstraimí roghnacha an líne bhochtanaís a shroicheadh go poitéinsiúil; dá airde an ardán SL is ea is ísle is gá leis na hionstraimí roghnacha a bheith.

Sa dara dul síos, tá glactha leis gur chuid riachtanach chun bochtanas leanaí a laghdú ná a chinntiú gur féidir le tuismitheoirí deiseanna fostaíochta a thógáil, ansin beidh an "pacáiste*" íocaíochta TIL atá ró-roghnach frith-tháirgiúil, ach braitheann é sin ar dheardh agus cur i bhfeidhm éifeachtach. Mar sin ról (indíreach) tábhachtach do SL is ea tacaíocht a sheachadadh gan míbhuntáistí an roghnachais. Má ghlactar leis na hargóintí sin, d'fhéadfaí argóint a chur ar aghaidh go bhféadfaí tabhairt faoi bhochtanas leanaí le pacáiste TIL atá uilíoch ar fad (sé sin trí leibhéal ard go leor SL). Is é an frithargóint atá leis sin ná go bhfuil costais shuntasacha mharbhualaigh nach mór a chur san áireamh ag an gcur chuige do thacaíocht ioncam leanaí (sé sin, leibhéil chaiteachais atá níos mó ná mar atá ag teastáil chun cuspóirí luaithe a bhaint amach). In éifeacht bheadh an ráta SL atá ag teastáil chun an líne bhochtanaís a shroicheadh i bhfad níos airde ná aon leibhéal réasúnta tacaíochta do theaghlaigh níos saibhre.

Taispeánann cothromaíocht na n-argóintí sin go gcuireann SL príomhábhar i bpacáiste measctha de thacaíochtaí TIL ar fáil a thugann faoin riosca níos airde bochtanais i dteaghlaigh le leanaí chomh maith le ról athdháilte cothrománaigh a bheith aige. Tá sé sin léirithe i bhFigiúr 2-1. Is féidir le leibhéal níos airde íocaíochtaí sonraithe tabhairt faoi chuspóirí bochtanais go héifeachtach ach ní féidir é dhéanamh gan dreasaí oibre a dhéanamh níos measa mar tarraingítear siar a leithéid d'íocaíochtaí tar éis dul i bhfostaíocht nó nuair atá tuillimh go hard. Is féidir le SL an comhbhabhtáil sin a bhriseadh go héifeachtach trí íocaíochtaí tacaíochta ioncam leanaí a chur ar fáil trasna an speictream leasa-oibre albeith le riosca níos airde costais mharbhualaigh.

Figiúr 2-1: Léiriú ar an gcaoi a bhaineann Sochar Leanaí torthaí níos fearr amach i gcás go mbíonn comhbhabhtálacha polasaí i gceist.



Fionnachtain 2-8: Tá ról uathúil ag Sochar Leanaí tabhairt faoin dá phríomhchuspóir araon

Chomh maith le cabhair a chur ar fáil do theaghlaigh go léir le leanaí (ról athdháileadh cothrománach) tá príomhpháirt ag SL chun cabhrú leis an gcostas leanaí a thógáil agus tabhairt faoin riosca níos airde bochtanais i dteaghlaigh le leanaí araon. Is féidir le SL an comhbhabhtáil idir cothromais agus éifeachtacht a laghdú go héifeachtach trí íocaíochtaí tacaíochta ioncam leanaí a chur ar fáil trasna an speictirim leasa-oibre albeith le riosca níos airde costais mharbhualaigh.

2.3 Réasúnaíocht do pholasaí agus íocaíochtaí TIL

Tá measúnú ag teastáil ón gcritéir mheastóireachta sna Téarmaí Tagartha curtha le chéile de réir LAA agus teimpléid athbhreithnithe polasaí i réimse áirithe ar **réasúnaíocht** tacaíochta ioncam leanaí nó chun é a chur ar bhealach eile, ar an bhfáth go bhfuil idirghabháil polasaí poiblí riachtanach i réimse áirithe. Éilíonn é sin na cuspóirí polasaí poiblí cláir a chur san áireamh agus na cúiseanna le foráil nó bainteach na rannóige poiblí. Tá sé nasctha go dlúth le coincheap eacnamaíoch teip sa mhargadh. De réir na hECFE, is féidir teip sa mhargadh a shainmhíniú i gceithre bhealach cé go dtugtar faoi deara sa lámhleabhar LAA nach bhfuil an tuairim sin uileghabhálach.

1. **Earraí Poiblí:** i gcás earra nó seirbhís nach féidir nó nach caothúlach muirear a ghearradh ar thairbhíthe go léir dó nó di (m.sh. córas na mbóithre). Á chur ar fáil do cheann amháin bheadh sé ar fáil do an-chuid;
2. **Seachtrachtaí:** i gcás go mbronnann duine amháin nó gnólacht leas ar dhaoine eile ach nach bhfuil aon luach saothair ann dó nó di dá bharr;
3. **Athdháileadh:** i gcás gurb é aidhm an chaiteachais saibhris agus ioncaim "cothrom" a dháileadh de réir dearcadh an tsochaí i measc a ball;
4. **Earraí Fiúntais:** éiríonn siad sin má thugann daoine aonair nó gnólachtaí meas faoin luach ar na leasa pearsanta nó príobháideacha díoraithe ó earra nó seirbhís a ídiú.

Is é an réasúnaíocht is mó ábhartha don athbhreithniú sin ná iad sin bainteach le hathdháileadh agus seachtrachtaí/earraí fiúntacha. Mar a d'fhéadfaí a bheith ag siúl leis do an-chuid chláir tacaíochta ioncaim, luíonn an phríomhréasúnaíocht leis an mian acmhainní a **athdháileadh** trasna an tsochaí. Tarlaíonn an t-athdháileadh sin ar roinnt bhealaí.

- Sa chéad áit, aistrítear acmhainní tríd an gcóras cáin ó theaghlaigh gan leanaí cleithiúnacha go dtí iad siúd le leanaí. Léiríonn sé sin go dteastaíonn leibhéal níos airde ioncaim ó theaghlaigh le leanaí chun taitneamh a bhaint as an gcaighdeán maireachtála chéanna leo siúd gan leanaí (athdháileadh cothrománach).
- Nasctha leis sin tá athdháileadh ioncaim thar shaolré duine. In éifeacht, íocann duine cáin ag na céimeanna luatha dá shaolré (roimh leanaí) agus tugtar é sin ar ais in aistrithe le linn tréimhse fhoirmithe teaghlaigh. Stopann aistrithe tar éis do leanaí neamhspleáchas airgeadais a bhaint amach.
- Tá an tríú cainéal ó theaghlaigh atá go maith as go dtí na teaghlaigh sin nach bhfuil chomh maith as le leanaí. Is don cheann sin is gaire atá an réasúnaíocht um chláir thacaíochtaí ioncam leanaí do réasúnaíocht chláir aistrithe sóisialta eile. In éifeacht,

baintear úsáid as aistrithe tacaíochta ioncam leanaí chun ioncam a aistriú ó theaghlaigh le hioncaim níos airde dóibh siúd le leibhéal ioncaim níos lú agus go háirithe dóibh siúd faoi riosca bochtanais (athdháileadh ingearach).

- Sa deireadh thiar, is aistriú é Sochar Leanaí do theaghlaigh le leanaí **chun leasa na leanaí sa teaghlach sin** in aitheantas ar na héilimh bainteach le leanaí a thógáil. Mar sin féin, de bhrí go dtugtar é don mháthair ina lán teaghlach, is éard atá ann ná in éifeacht aistriú indíreach laistigh de theaghlaigh (ón gcáiníocóir go faighteoir SL)⁴⁶ ag glacadh leis go bhfuil an t-aistriú sin chun leasa na leanaí. Ag cur san áireamh gur dócha go bhfuil ioncam díreach níos lú ag mná ná ag fir (ag léiriú inter alia éifeacht am a thógáil as an bhfórsa saothair chun aire a thabhairt do leanaí) cuireann sé sin feabhas ar chothromas an tsochaí go ginearálta.

Tá ábharthacht freisin ag coincheap seachtrachtaí agus earraí fiúntais in aon díospóireacht ar bhonn eacnamaíoch do pholasaithe tacaíochta ioncam leanaí. I dtéarmaí airgeadais phoiblí, tá athdháileadh cothrománach nasctha le coincheap teip an mhargaidh nó "seachtrachtaí" chomh fada agus is féidir díbhéirseacht a bheith idir costais phríobháideacha an teaghlaigh ag tógáil leanaí agus na leasa sóisialta don daonra ina iomláine ó leanaí a thógáil. Luann McCashin go ndéanann *"seachtrachtaí ... tagairt do fhoshuíomhanna ina bhfuil coinbhéirseacht idir... costais phríobháideacha agus sóisialta fad is nach mbíonn sé ráite i gcónaí sna téarmaí sin, spreagann an-chuid den argóint faoi thacaíocht ioncam leanaí an prionsabal (seachtrach) sin go follasach. Tá leasa don tsochaí ina hiomláine má bhíonn leanaí ag daoine fásta a dtógann agus a gcothaíonn siad. Is iad leanaí an lae inniu oibreoirí an lae amáraigh, de réir an loighce sin, iad ina dtomhaltóirí agus ina dtáirgeoirí Mura dtugtar tacaíocht do thuismitheoirí le costais leanaí rachaidh an líon leanaí i laghad thar am, a mbeidh aosú déimeagrafach agus níos lú daoine óga mar thoradh air. Níos ginearálta, maítear gur dócha nach mbíonn sochaithe le líon na ndaoine óga ag laghdú chomh táirgiúil, nuálach ná chomh dinimiciúil".*⁴⁷

Fionnachtain 2-9: Réasúnaíocht eacnamaíoch do pholasaí TIL – athdháileadh eacnamaíoch agus seachtrachtaí tacaíthe bainteach le leanaí

Tá an réasúnaíocht eacnamaíoch taobh thiar de TIL bainteach le cuspóirí airgeadais phoiblí timpeall athdháilte agus tacú le seachtrachtaí/earraí fiúntais. Tarlaíonn an t-athdháileadh sin ar roinnt bhealaí: ó theaghlaigh gan leanaí cleithiúnacha go teaghlaigh le leanaí; thar shaolré duine; ó theaghlaigh atá go maith as go dtí na teaghlaigh sin nach bhfuil chomh maith as le leanaí; agus aistriú indíreach laistigh de theaghlaigh (ó cháiníocóir go faighteoir

⁴⁶ Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfaí faighteoirí SL a bheith ina gcáiníocóirí ina gceart féin go minic.

⁴⁷ Anthony McCashin, *Social Security in Ireland*, lth. 100.

SL) ag glacadh leis go bhfuil an t-aistriú sin chun leasa leanaí chomh maith le leas na mná sa teaghlach sin. Cuireann tacaíochtaí ioncam leanaí tacaíocht ar fáil freisin "do sheachtrachtaí" chomh fada agus a thugann siad faoin dibhéirseacht idir costais phríobháideacha teaghlaigh leanaí a thógáil agus na leasa sóisialacha don daonra go hiomlán a thagann ó leanaí.

2.4 An bhfuil CUSPÓIRÍ polasaí agus réasúnaíocht TIL bailí go fóill?

Is é an cheist meastóireachta atá le scrúdú sa mhír seo ná: an bhfuil na cuspóirí polasaí poiblí leithne sin atá mar bhun le cláir a sheachadann tacaíocht ioncaim do theaghlaigh le leanaí bailí go fóill? An bhfuil siad comhleanúnach le cuspóirí rialtais foriomlána agus leis na cuspóirí i Ráiteas Straitéise na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh? Féachfaidh an mhír seo ar cibé an bhfuil na cuspóirí sin bailí go fóill nó nach bhfuil trí scrúdú a dhéanamh ar a gcomhleanúnachas le príomhráitis Rialtais sa réimse sin. Féachfaidh sí freisin i mír fhorbhreithnithe ar an méid gur dócha le cuspóirí Rialtais iad féin a bheith bailí fós nuair a chuirtear na cúinsí airgeadais agus eacnamaíochta san áireamh.

2.4.1 Comhleanúnachas le ráitis polasaí níos leithne

Tá polasaí an Rialtais timpeall tacaíochtaí ioncam leanaí luaite i réimse leathan doiciméad:

- Cláir agus tosaíochtaí Rialtais
- Comhaontaithe comhpháirtíochta sóisialta
- Ráitis straitéise agus misin na roinne
- Straitéis Náisiúnta um Leanaí
- Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta

Cláir agus tosaíochtaí Rialtais Ní thugann an Clár Athnuachana Rialtais faoi shaincheist tacaíochtaí ioncam leanaí go díreach. Tá na tiomantais ar leith i gClár don Rialtais roimhe seo liostaithe sa Bosca 2-1. Tugadh dearbhú sa chlár leanúint leis an gcur chuige uilíoch tacaíocht a chur ar fáil do leanaí trí mhéaduithe i Sochar Leanaí (agus an Forlíonadh Luathchúram Leanaí). In éineacht leis an tacaíocht leathan sin do chur chuige uilíoch bhí an mhian ann, áfach, córas na spriocthacaíochtaí a réasúnú (MLC agus FIT) is dócha mar fhorlíonadh do Shochar Leanaí. Bhí an dá phríomhchuspóir sainaithe comhleanúnach de réir dealraimh leis an gClár don Rialtas.

Bosca 2-1: Tiomantais sa Clár don Rialtas 2007-2012 (Tacaíocht Ioncam Leanaí)

Shainnadh roinnt tiomantas sa **Chlár don Rialtas 2007-2012** i réimse Tacaíocht Ioncam Leanaí (faoi réir infhaighteacht acmhainní rialtais foriomláin)

“Cúram Leanaí: Thar an gcéad chúig bliana le teacht Méadóimid an ráta Forlíonadh Ioncaim Leanaí agus Sochar Leanaí.

“Ag tabhairt faoi Mhíbhuntáiste Leanaí: Méadóimid an ráta Forlíonadh Luathchúram Leanaí agus Sochar Leanaí agus fad is a mbeimid ag tógáil ar an Liúntas i leith Linbh Cháilithe.

Tacaíocht Ioncam Leanaí Leanfaidh an Rialtas ag tabhairt tosaíochta do leasa teaghlach le leanaí. Comhnascóidh an Rialtas... Liúntais i leith Linbh Cháilithe agus Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh chun an dara chéim tacaíochta ioncaim a fhorbairt dírithe ar na teaghlaigh is boichte. Leanúint le Sochar Leanaí a mhéadú.”

Níor thuá an Clár Athnuachana Rialtais faoi shaincheist tacaíochtaí ioncam leanaí go díreach.

Comhaontaithe Comhpháirtíochta Sóisialta Tá tacaíocht ioncam leanaí aitheanta ag comhaontuithe comhpháirtíochta leantacha, ina ndéanann an Rialtas agus na comhpháirtithe sóisialta idirbheartaíocht agus comhaontú ar shaincheisteanna polasaí eacnamaíoch agus sóisialta, mar cheann de na príomhréimsí le réiteach. Maidir leis sin, tá tosaíochtaí speisialta aitheanta i ngach comhaontú le dul ina mbun le linn cúrsa na gcomhaontuithe leis an bhforáil tacaíocht ioncam leanaí agus deireadh le bochtanas leanaí mar phríomhthosaíochtaí.

An Clár um Rathúnas agus Cothroime (PPF) 2000: tiomantais ar leith ann maidir le leanaí agus luaite go méadófar *“Sochar Leanaí go suntasach thar thréimhse an Chláir um Rathúnas agus Cothroime mar phríomhmheicníocht leibhéil bhochtanas leanaí a laghdú agus tacaíocht ioncam leanaí a chur ar fáil, le fócas tosaíochta i dtreo €127 in aghaidh na míosa don tríú leanbh agus do leanaí ina dhiaidh sin”*.

Dul Chun Cinn a Chothú 2003 – 2005: béim curtha ar an tiomantas sin maidir le leanaí trí chuspóir bochtanas a laghdú a leagan síos agus go hidéalach é a dhíothú in Éirinn, ag lua go *“bhfuil sé fós mar pholasaí an Rialtais an spríoc do na rátaí leasa shóisialaigh is lú agus leibhéil chóibhéseacha chuí do leanaí mar atá leagtha amach sa Straitéis Frithbhochtanaí Náisiúnta roimh 2007a chomhlíonadh.”*⁴⁸

I dtreo 2016, (2006): Chuir an Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta (reatha) béim ar an tiomantas leanúnach maidir le tacaíocht leanaí ag lua mar ghníomh tosaíochta *“Dul chun cinn i dtreo na sprice reatha an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta (Cuimsitheacht PGN) dóibh siúd atá ag brath ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh, a n-aontaíonn*

⁴⁸ *Ag Coinneáil an Dul chun Cinn An Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta 2003-2005*, Roinn an Taoisigh (Baile Átha Cliath, 2003), lth 65-66.

*na páirtithe atá bailí agus cuí fós – sé sin go leagtar comhluach na mbeart tacaíochta ioncam leanaí ag 33% - 35% den ráta íocaíochta leasa shóisialaigh do dhaoine fásta.*⁴⁹

Ráiteas straitéise agus misin na RGST: Is é misean na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, mar atá sa Ráiteas Straitéise 2008 - 2010 ná *"sochaí chomhbhách a chur chun chinn trí ioncam agus seirbhísí tacaíochtaí eile, ag cumasú rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí ag cothú cuimsiú sóisialta agus ag tacú le teaghlaigh.*⁵⁰ Tá an Ráiteas Straitéise curtha ar fáil timpeall seacht n-aidhmeanna ardleibhéil an chéad cheann díobh bainteach le Leanaí agus Teaghlaigh: *"cur le leas leanaí agus teaghlaigh trí ioncam agus tacaíochtaí eile agus rannpháirtíocht i bhfostaíocht a éascú".*⁵¹ Leanann an Roinn an cuspóir sin trína clár thacaíochta ioncam leanaí. Cuirtear Tacaíocht Ioncam Leanaí ar fáil go príomha ag trí príomhíocaíochtaí leasa shóisialaigh Sochar Leanaí (SL), Méaduithe i leith Linbh Cháilithe (MLC) agus Forlónadh Ioncam Teaghlaigh (FIT).

Tá Spriocanna 2, agus 5 ábhartha freisin (**Sprioc 2:** Ioncam agus tacaíochtaí eile a chur ar fáil do dhaoine den aois oibre agus iad a éascú dul i bhfostaíocht, traenáil, oideachas nó deiseanna forbartha; **Sprioc 5:** chun torthaí níos fearr ar thabhairt faoi bhochtanas a fháil agus sochaí níos cuimsithí a bhaint amach trí ioncam agus seirbhísí tacaíochta eile agus straitéisí Rialtais do chuimsiú sóisialta a chomhordú agus a chur i bhfeidhm). Ag iarraidh na spriocanna sin a bhaint amach tá na gníomhartha seo a leanas sa Ráiteas Straitéise 2008 - 2010 an-ábhartha ar fad.

- Polasaithe cuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun réimse ioncaim agus tacaíochtaí eile a chur ar fáil do leanaí agus teaghlaigh,
- Dul chun cinn i dtreo spriocanna tacaíochta ioncaim sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta do Chuimsiú Sóisialta a bhaint amach,
- Tacaíocht a thabhairt do dhaoine ar ísealioncam dul i bhfostaíocht nó fanacht i bhfostaíocht.
- Tacaíochtaí a leathnú chun tabhairt faoi mhíbhuntáiste i measc leanaí den aois scoile.⁵²

Straitéis Leanaí Náisiúnta: Áirítear sa Straitéis Leanaí Náisiúnta (2001) cuspóir *"go gcuirfear na tacaíochtaí ar fáil do leanaí chun bochtanas leanaí a dhíothú"*. Aithnítear sa doiciméad freisin an ról suntasach atá ag sochar leanaí bochtanas leanaí a laghdú agus tacú le leas leanaí: *"Tá Sochar Leanaí tábhachtach bochtanas leanaí a laghdú agus tacú le leas leanaí*

⁴⁹ *Towards 2016 Ten -Year Framework Social Partnership Agreement 2006-2015*, Roinn an Taoisigh (Baile Átha Cliath, 2006), lth. 45.

⁵⁰ *Statement of Strategy, 2008 – 2010*, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Baile Átha Cliath, 2008), lth. 6.

⁵¹ *Ibid.*, lth. 31.

⁵² *Ibid.*, lth. 32.

*mar gheall ar a chlúdach uilíoch agus gaolmhaireacht neodrach don dreasacht fostaíochta agus do chinntí bainteach le foirmiú teaghlaigh”.*⁵³

Plean Gníomhaíochta Náisiúnta do Chuimsiú Sóisialta 2007 – 2016 (Cuimsitheacht PGN):

Ceann de spriocanna ardleibhéil an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta ná comhluch bearta tacaíochta ioncam leanaí a choinneáil ag 33-35% den íosráta íocaíochta leasa shóisialaigh.⁵⁴

2.4.2 An bhfuil na cuspóirí luaite bailí fós?

Iarrann scéimeanna athbhreithnithe agus LAA scrúdú a dhéanamh ar cibé an bhfuil na cuspóirí taobh thiar de chlár bailí fós i bhfianaise roinnt ráiteas Rialtais (go háirithe an Clár don Rialtas, comhaontuithe comhpháirtíochta agus straitéisí frithbhochtanaís). Fad is gur féidir na ráitis Rialtais sin a athlua (mar thuas) tá deacracht praiticiúil ann don athbhreithniú bailíocht leanúnach ráitis Rialtais a bhreith agus mar sin breathnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil na cuspóirí mar bhun le tacaíocht ioncam leanaí bailí fós nó nach bhfuil. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis agus na tiomantais sin i gcomhthéacs na gculpóirí sainithe mar bhun le polasaí tacaíochta ioncam leanaí tá dhá cheist tábhachtach chun a mbailíocht a bhreathnú. Ar an gcéad dul síos, an bhfuil na cuspóirí polasaí comhleanúnach le ráitis pholasaí? Ansin, cá mhéad atá sé riachtanach a leithéid de ráitis a léirléamh ag cur na ndeacrachtaí fíoscacha agus eacnamaíochta urghnácha reatha san áireamh?

Dealraíonn sé go ndéanfadh an Clár don Rialtas agus ráitis eile an cuspóir mar bhuntaca do pholasaí agus clár thacaíochta ioncam leanaí a bhailíochtú go ginearálta. Tacaíonn na ráitis sin le tacaíochtaí a chur ar fáil do theaghlaigh go léir le leanaí (trí SL chomh maith le tacaíocht sonraithe araon a chur ar fáil chun tabhairt faoi bhochtanas leanaí. Téama leanúnach ag rith trí na doiciméid sin is ea an réasúnaíocht do thacaíocht shonraithe b'fhéidir trí MLC agus FIT a chomhdhlúthú chun torthaí níos fearr a bhaint amach.

Comhaontaíodh an Clár don Rialtas ar an bhfoshuíomh go mbeadh meánfás 4.5% ann in aghaidh na bliana thar thréimhse an chlár.⁵⁵ De réir teilgean eacnamaíoch is déanaí, táthar ag súil go gcrapfaidh OTI go suntasach, áfach. Tá strus an-mhór curtha ag an gcrapadh in aschur ar airgeadas poiblí trí intitim in ioncam cánach agus méadú i gcostais bainteach le fostaíocht. Mar thoradh tá sé fógraithe ag an Rialtas go dtógfar bearta thar thréimhse an chlár chun an t-airgeadas poiblí a chothromú lena n-áirítear bearta chun caiteachas a srianadh go dian. Beidh laghdú sa leibhéal struchtúrtha caiteachas poiblí, ag cur teorainn

⁵³ *National Children's Strategy Our Children – Their Lives*, An Roinn Sláinte agus Leanaí (Baile Átha Cliath, 2000), lth. 63.

⁵⁴ *An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016*, lth. 33.

⁵⁵ *An Clár don Rialtas, 2007 – 2012* (Baile Átha Cliath, 2007), lth. 7.

gan amhras leis an méid inar féidir cuspóirí áirithe a bhaint amach. Go deimhin, tá roinnt bearta buiséadacha curtha i bhfeidhm cheana go háirithe bainteach le híocaíochtaí tacaíochta ioncam leanaí:

- D'fhógair an Rialtas díothú na híocaíochta Forlíonadh Luathchúram Leanaí ó 2010 ar aghaidh agus cuireadh An Scéim um Chúram agus Oideachais na Luath-Óige (SCOL) do leanaí go léir idir 3 bliana 3 mhí agus 4 bliana 4 mhí d'aois ina ionad. Beidh deontas caipitíochta iníochta do sholáthróirí seirbhíse a chuireann seirbhísí réamhscoile ar fáil saor in aisce.
- Sa Bhuiséad 2010, d'fhógair an Rialtas laghdú i luach SL in éineacht le méaduithe cúiteacha i dtairseacha MLC agus FIT.

Tá glactha leis san athbhreithniú nach bhfuil na cuspóirí ginearálta mar bhun le polasaí agus cláir TIL thíos de bharr crapadh dian na heacnamaíochta agus a éifeacht ar airgeadas poiblí iontu féin, cé go molann sé gur cóir athbhreithniú a dhéanamh ar thiomantais ar leith. Fad is go bhfuil na cuspóirí bailí fós, i bhfianaise timpeallacht eacnamaíoch athraitheach agus an gá caiteachas a shrianadh chun airgeadas poiblí a chothromú tá sé curtha in iúl ag an Rialtas go bhféadfar tarlú gur aistríodh an chothromaíocht idir na cuspóirí sin le níos mó béime ar ról acmhainní a dhíriú ar bhochtanas leanaí a laghdú. Is cinneadh do na próisis mheastacháin agus bhuiséadacha é an cinneadh ar leith sin ar an gcaoi inar féidir é sin a bhaint amach. Is é ról an phróisis athbhreithnithe chaiteachais ná na saincheistanna struchtúrtha timpeall polasaí agus cláir tacaíochta ioncam leanaí a mheas agus an chaoi inar féidir iad a leasú chun luach níos fearr ar airgead a chinntiú agus na cuspóirí sin a bhaint amach. Cuirtear iad sin san áireamh níos déanaí san athbhreithniú.

Fionnachtain 2-10: Dearbhaíonn ráitis pholasaí go leanann an dá phríomhchuspóir le bheith bailí fós fiú má tá béim aistrithe i dtreo cuspóir bochtanais.

Téama athfhillteach is ea tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do theaghlaigh le leanaí trasna réimse leathan ráitis pholasaí. Tá tacaíocht curtha in iúl maidir le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh go léir agus tacaíocht do theaghlaigh níos boichte araon. Tacaíonn an chuid is mó de ráitis pholasaí le straitéis mheasctha i dtreo leasa a chur ar fáil (teaghlaim tacaíochtaí uilíocha agus roghnacha) cé go bhfuil neamhchinnteacht faoin meascán cruinn leis an ngéirchéim fioscach agus eacnamaíoch san áireamh. Cuireann spriocanna a thugann faoi leorgacht tacaíochtaí ioncam leanaí béim ar chomhluach íocaíochtaí sonrath agus uilíocha. Níl na cuspóirí ginearálta mar bhun le polasaí agus clár TIL thíos mar thoradh ar an ngéirchéim fioscach agus eacnamaíochta déine iad féin. Mar sin féin, tugann sé le tuiscint nach mór tabhairt faoi thiomantais ar leith, go háirithe faoi luach íocaíochtaí uilíocha, spriocanna agus straitéisí ar leith. Fad is a leanann na cuspóirí TIL de bheith bailí fós, tá curtha in iúl ag an Rialtas go bhféadfadh sé tarlú go bhfuil an chothromaíocht idir na cuspóirí sin aistrithe le béim níos mó ar an ról acmhainní a dhíriú ar bhochtanas leanaí a laghdú.

2.5 Polasaí TIL i gcomhthéacs polasaí poiblí níos leithne

Tugann an mhír seo in éineacht le Caibidil 6 faoi na ceisteanna meastóireachta: an bhfuil cuspóirí polasaí TIL comhleanúnach le cláir eile agus cén chaoi inar féidir le cuspóirí polasaí TIL cur le straitéis níos leithne chun bochtanas leanaí a laghdú?

2.5.1 Fostaíocht tuismitheoirí agus ioncain indiúscartha

Ag cur nádúr iltoiseach bochtanas leanaí san áireamh, ní mór do Rialtais brath ar réimse polasaithe agus cláir chun tabhairt faoi, lena n-áirítear polasaithe nach mbaineann go leithleach le leanaí. Tá ról tábhachtach ag tacaíochtaí ioncain (FIL agus eile) sa straitéis foriomlán sin ag cur san áireamh an cuspóir frithbhochtanaís atá acu agus an leibhéal suntasach acmhainní leithdháilte dóibh. Sa díospóireacht um TIL a leasú, thug rúnaíocht na CNES faoi deara *“go bhfuil an claonadh ann ag tíortha le ráta bochtanaís íseal gan brath ar urchar draíochtach ach ar rannchuidithe carnacha réimse polasaithe: seirbhísí maithe do leanaí agus íocaíochtaí leasa shóisialaigh maithe do dhaoine fásta Baineann siadsan amach rátaí bochtanaís íseal go tipiciúil do dhaoine fásta chomh maith le leanaí”*.⁵⁶

Tá coincheapú agus tomhas bochtanaís pléite níos mionsonraithe i gCaibidil 4, agus mar sin is leor ag an bpointe seo "faoi riosca bochtanaís" a shainmhíniú mar bheart phríomhfhothoraidh. Tá an táscaire sin sainmhínithe ag an bPS mar *“an chion daoine le hioncam coibhéisithe faoi bhun céadadán tugtha (de ghnáth 60%) den mheánioncam náisiúnta Aon duine le hioncam coibhéiseach faoi bhun (an chéadadán sin) táthar faoi riosca bochtanaís ag leibhéal 60%”*. Go deimhin, ní bhíonn ioncain indiúscartha dá gcuid féin ag leanaí agus deimhnítear an ráta bochtanaís ar an iomlán trí ioncam diúscartha an aonaid teaghlaigh lena mbaineann siad agus mar sin tá tréithe eile ábhartha mar ioncam ó fhostaíocht tuismitheoirí agus an chaoi ina ndéileáil an córas cánach le teaghlaigh. In éifeacht, má bhíonn an teaghlach ina mbíonn leanaí mar chuid de ag maireachtáil faoi bhun an líne bhochtanaís ansin déantar an bhreith go bhfuil leanaí i mbochtanas. Déantar ioncam teaghlaigh a choigeartú do líon teaghlaigh bunaithe ar "scálaí comhionannais" ionas gur féidir comparáidí suntasacha a dhéanamh.⁵⁷ Nuair a bhíonn tomhas bochtanaís i gceist

⁵⁶ *Ireland's Child Income Supports: The Case for a New Form of Targeting*, lth. 11.

⁵⁷ Mar shampla, ní féidir comparáid a dhéanamh i gceart idir dhá theaghlach leis an ioncam céanna go ginearálta ach amháin má bhíonn an líon chéanna daoine fásta agus leanaí iontu agus ceadaíonn scálaí comhionannais dó sin. De réir cleachtas idirnáisiúnta, roinneann an PS ioncam teaghlaigh indiúscartha *“tríd an líon teaghlaigh chomhionannais chun an t-ioncam comhionannais a ríomh do gach duine agus is neastomhas é sin ar an méid den ioncam gur féidir a chur síos do gach ball den teaghlach.”* (PS, SCMI, 2008, lth. 98)

déileáiltear le híocaíochtaí tacaíochta ioncam leanaí mar an gcéanna le hioncam eile is cuma faoin bhfoinse ónar tháinig sé.

Tá ollioncam an teaghlaigh déanta suas den ioncam ó fhostaíocht agus foinsí eile chomh maith le haistrihe sóisialta lena n-áirítear íocaíochtaí bainteach le leanaí. Is éard is ioncam glan ann ná glanioncam atá fágtha mar ioncam indiúscartha don teaghlach tar éis cánacha díreacha a bhaint as. Fiú do theaghlaigh sa leath thíos den dáileadh ioncaim d'fhéadfadh ioncam díreach agus cánacha díreacha a bheith suntasach mar is féidir a thabhairt faoi deara i dTábla 2-1 ina léirítear na codanna ioncam indiúscartha do theaghlaigh le leanaí i dtóin an dáilte ioncaim i 2008. Sna deichílí 3, 4 agus 5 atá riachtanach don áireamh bochtanais chinnlíne a shainmhíniú, seasann cáin ag 7%, 11% agus 14% faoi seach den ghlanioncam indiúscartha.

Tábla 2-1: Codanna ioncam indiúscartha do theaghlaigh ar ioncam níos ísle, 2008

Deichíl	1	2	3	4	5	Iomlán
Tairseach seachtainiúil (€)	<€437.32	<€578.26	<€751.24	<€965.24	<€1138.60	Teaghlaigh le Leanaí
Meánioncam Seachtainiúil Teaghlaigh	€	€	€	€	€	€
Ioncam díreach iomlán (féach ar nóta)	69.42	167.72	352.57	593.79	766.74	1,135.88
Aistrihe sóisialta iomlána	239.25	336.48	308.23	266.73	295.09	235.45
- Aistrihe bainteach le leanaí (féach ar nóta)	49.62	73.82	92.37	96.40	81.25	77.79
- Aistrihe sóisialta eile	189.63	262.66	215.86	170.33	213.84	157.66
Ollioncam iomlán	308.67	504.20	660.80	860.51	1061.83	1,371.33
Ranníocaíochtaí Sóisialta agus Cánach Iomlána	-8.90	-13.30	-42.58	-87.97	-130.17	-271.27
Glanioncam Indiúscartha	299.77	490.90	618.22	772.54	931.65	1,100.06
Céatadán de Ghlanioncam Indiúscartha						
- Ioncam díreach iomlán	23%	34%	57%	77%	82%	103%
- Aistrihe bainteach le leanaí (féach ar nóta)	17%	15%	15%	12%	9%	7%
- Aistrihe sóisialta eile	63%	54%	35%	22%	23%	14%
Ranníocaíochtaí Sóisialta agus Cánach Iomlána	-3%	-3%	-7%	-11%	-14%	-25%
<i>Nithe meabhráin:</i>						
<i>Líon duine sa teaghlach</i>	2.30	3.18	3.72	3.76	3.98	3.73
- Leanaí <18	1.8	1.8	1.9	2.0	1.9	1.9
- Daoine Fásta 18+	1.2	1.7	2.1	2.1	2.4	2.2
<i>Riosca Líne Bhochtanais Mheasta do mheánlíon teaghlaigh i ndeichíl</i>	415.52	489.18	555.40	567.27	611.47	572.80

Foinse Díorthaithe ó shonraí curtha ar fáil ag an PS ag baint úsáide as SCMI 2008

Nótaí Áirítear san ioncam díreach fostaíocht, ioncam féinfhostaíochta, ranníocaíochtaí árachas sóisialta fostóirí agus ioncam eile. Tagraíonn íocaíochtaí bainteach le leanaí do Shochar Leanaí, FIT, liúntais don scoilbhliain nua.

Rinne aistrithe ó liúntais bainteach le leanaí (sochar leanaí agus FIT go príomha) suas le 19% - 25% den ioncam iomlán do theaghlaigh le leanaí sa leath thíos ar an dáileadh ioncaim. Tá sé sin níos lú ná an t-ioncam fostaíochta do gach ceann de na deichíl sin agus i bhfad níos lú ná ioncam ó aistrithe sóisialta eile. Chun na fírinne a rá, ní dhéanann tacaíochtaí ioncam leanaí ach éifeacht diúltach cánacha díreacha agus ranníocaíochtaí árachas sóisialta a díchur do theaghlaigh ar an gceathrú deichíl, fad is atá an luach faoin gcéad dá leithéid d'íocaíochtaí do theaghlaigh díchurtha sa bhreis ag éifeacht cánacha. Tá sé sin suntasach, nuair a chuirtear san áireamh gur díothaíodh liúntais chánach leanaí sna 1980í agus gur cuireadh méadú i luach na híocaíochta Sochar Leanaí ina n-áit. Féadfaimid teacht ar an gconclúid nach bhféadfadh caiteachas agus polasaí TIL ach páirtéifeacht a bheith acu ar bhochtanas ioncam leanaí a laghdú. Ba é sin an chúis gur tháinig rúnaíocht CNES ar an gconclúid gurb *“ é fós an bealach amháin is fearr leanaí a choinneáil ó bhochtanas ná a chinntiú go bhféadfaidh tuismitheoirí tuilleamh gan faillí a dhéanamh ar a gcuid freagrachtaí cúraim Bíonn an tionchar ag íocaíochtaí leasa shóisialaigh um dhaoine fásta ar ‘ioncaim leanaí chomh mór, nó níos mó, ná tacaíochtaí ioncam leanaí’ ”* (béim curtha air).⁵⁸

Ní chuireann cláir agus polasaí TIL agus aghaidh a thabhairt acu ar bhochtanas leanaí ach cuid amháin den straitéis chuimsitheach foriomlán ar airgeadais phoiblí i láthair áfach. Áireofar i straitéis níos leithne dá leithéid fócas ar an méid seo a leanas:

- Socruithe tacaíochta ioncaim do dhaoine fásta le freagrachtaí cúram leanaí;
- Socruithe cánachas díreach agus a n-éifeacht ar ioncaim theaghlaigh le leanaí curtha san áireamh,
- Tacaíocht fostaíochta agus cláir ghníomhaíochta do thuismitheoirí lena n-áirítear bearta chun a chinntiú go bhféadfaidh tuismitheoirí freagrachtaí oibre agus cúram leanaí a chomhlíonadh ag an am céanna, go háirithe do theaghlaigh ar ísealioncam.

Rachadh scrúdú díreach ar na ceisteanna níos leithne sin i bhfad thar scóip an athbhreithnithe reatha ach moltar nach mór do roinnt cheisteanna lasmuigh de scóip díreach an athbhreithnithe a chur san áireamh, eadhón: ról íocaíochtaí tacaíochta ioncam leanaí tabhairt faoi bhochtanas i dteaghlaigh le leanaí; idirghníomhaíocht córais tacaíochta ioncaim agus chánachais le hioncaim theaghlaigh go háirithe ag leibhéal ioncaim níos ísle; agus éifeacht an chórais tacaíochta ioncaim ar ghnéithe shocheacnamaíoch mar dheasachtaí oibre agus cúram leanaí a dheimhniú fostaíocht tuismitheoirí agus ioncaim.

⁵⁸ Ireland's Child Income Supports: The Case for a New Form of Targeting, lth. 20.

Fionnachtain 2-11: Tacaíocht ioncaim gan ach cuid amháin de straitéis chun tabhairt faoi bhochtanas leanaí

Ní ach cuid amháin de straitéis chuimsitheach agus leorgacht chun tabhairt faoi bhochtanas leanaí tacaíochtaí éifeachtúla agus éifeachtacha a chur ar fáil do theaghlaigh. Teastaíonn cur chuige iltoiseach ag díriú ar ioncaim fhostaíochta tuismitheoirí le cúltaca ó thacaíochtaí cuí ioncaim leanaí chun bochtanas leanaí a laghdú.

2.5.2 Seirbhísí bainteach le leanaí a chur ar fáil

Is fadhb chasta agus iltoiseach é an bochtanas agus bochtanas ioncaim mar aon toiseach amháin di cé gur toiseach tábhachtach di é. Cuireann rochtain ar sheirbhísí bainteach le leanaí slí eile ar fáil trínar féidir leis an Stát feabhas a chur ar leas leanaí faoi bhochtanas. Tá an tsaincheist sin mar ghné riachtanach de straitéis éifeachtach chun tabhairt faoi bhochtanas leanaí agus ba théama athfhillteach é sin ina lán de na haighneachtaí bailithe mar chuid den phróiseas comhairliúcháin (Caibidil 9). Ba chóir go n-áireofar na seirbhísí sin a bhreathnú i measúnú cuimsitheach ar an gcaoi le tabhairt faoi bhochtanas leanaí. Tá a leithéid de chuimsitheacht thar scóip an athbhreithnithe seo ach féadfaidh sé a bheith cabhrach forthorthaí tacaíochta ioncaim a chur i gcomhthéacs rochtana níos leithne ar sheirbhísí.

Déantar forbhreathnú ar na saincheisteanna a tháinig aníos i gcomhthéacs comparáideach i "gcárta tuairisce" rialta a táirgíodh ag CLNA. Cumascann an cárta tuairisce táscairí ar an-chuid tíortha ECFE agus tíortha lasmuigh den ECFE trasna roinnt ghnéithe leasa leanaí agus déanann sé monatóireacht air go rialta. Is é 2007 an bhliain dheireanach a foilsíodh é ag baint úsáide as sonraí ó bhlianta níos luaithe. Bailíonn an tuarascáil sonraí ó réimse cuspóirí ardleibhéil bainteach le leas leanaí (leas ábhartha, sláinte agus sábháilteacht, leas oideachais, gaolmhaireachtaí teaghlaigh agus piarghaolmhaireacht, iompraíocht agus rioscaí, leas suibhiachtúil i réimsí mar shláinte, sásamh pearsanta agus oideachas). Ríomhtar scóranna ó shonraí náisiúnta agus comhbhailithe chun cárta tuairisce achoimre a tháirgeadh.⁵⁹ Tábla 2-2 atáirgeann an tábla rangaithe foriomláin foilsithe sna tuarascálacha do 2007. Taispeánann sé go mbaineann Éire rangú lár-thábla amach i measc 21 tír fhorbartha ar an scór comhbhailithe. (Ba í An Olainn an tír leis an rangú is fearr fad is gurbh é an RA ba mheasa). Sna ranguithe sin tá éagsúlacht an-mhór trasna na dtoisí difriúla. Go deimhin, bhain Éire ranguithe ard go leor amach sna toisí iompraíochta agus riosca (4^ú), leas suibhiachtúil (5^ú), leas oideachasúil agus staid ghaolmhaireachtaí teaghlaigh agus

⁵⁹ CLNA, *Child Poverty in Perspective: An overview of child well being in rich countries, Innocenti Report Card 7, 2007*, Ionad Taighde Innocenti CLNA, (Florence, 2007).

phiarghaolmhaireacht (7^ú). Mar sin féin, bhí Éire beagnach ag an mbonn maidir le leas ábhartha agus sláinte agus sábháilteacht (19^ú staid sa dá cheann).

Tábla 2-2: Rangú achoimre ar tháscairí leas leanaí i dtíortha forbartha

Staid rangaithe idirnáisiúnta do tháscairí roghnaithe							
	Meánrangú	Leas ábhartha	Sláinte agus sábháilteacht	Leas oideachasúil	Gaolmhaireachtaí Teaghlaigh agus Piarghaolmh aireachtaí	Iompraíochtaí agus rioscaí	Leas suibiachtúil
An Ísiltír	4.2	10	2	6	3	3	1
An tSualainn	5.0	1	1	5	15	1	7
An Danmhairg	7.2	4	4	8	9	6	12
An Fhionlainn	7.5	3	3	4	17	7	11
An Spáinn	8.0	12	6	15	8	5	2
An Eilvéis	8.3	5	9	14	4	12	6
An Iorua	8.7	2	8	11	10	13	8
An Iodáil	10.0	14	5	20	1	10	10
Éire	10.2	19	19	7	7	4	5
An Bheilg	10.7	7	16	1	5	19	16
An Ghearmáin	11.2	13	11	10	13	11	9
Ceanada	11.8	6	13	2	18	17	15
An Ghréig	11.8	15	18	16	11	8	3
An Pholainn	12.3	21	15	3	14	2	19
Poblacht na Seice	12.5	11	10	9	19	9	7
An Fhrainc	13.0	9	7	18	12	14	18
An Phortaingéil	13.7	16	14	21	2	15	14
An Ostair	13.8	8	20	19	16	16	4
An Ungáir	14.5	20	17	21	12	20	20
SA	18.0	17	21	12	20	20	-
An RA	18.2	18	12	17	21	21	20

Tabhair faoi deara: Tíortha ECFE gan sonraí a dhóthain le cur san áireamh san fhorbhreathnú: An Astráil, An Íoslainn, An tSeapáin, Lucsamburg, Meicsiceo, An Nua-Shéalainn, Poblacht na Slóvaice, An Chóiré Theas, An Tuirc. Baineann meánrangú leis na sé thoiseacht ar fad.

Foinse: CLNA 2007

Fionnachtain 2-12: Éilítear peirspictíocht rialtais uile chun cuspóirí TIL a chomhlíonadh

Tá comhlántachtaí agus comhbhabhtálacha idir caiteachas combhailithe ar thacaíochtaí ioncaim agus caiteachas ar sheirbhísí bainteach le leanaí agus an éifeacht dheiridh ar fhothorthaí bochtanas leanaí. Taispeánann anailís chomparáideach nach gciallaíonn fothorthaí d'ardchaighdeán i ngné amháin de leas leanaí go mbíonn sé amhlaidh trasna gach gné. Bhainfeadh na cuspóirí mar bhun le tacaíochtaí ioncam leanaí tairbhe as cur chuige rialtais uile do cheist leasa leanaí. Molann an t-athbhreithniú go mba chóir cuspóirí

tacaíochta ioncam leanaí a thuiscint laistigh den chomhthéacs níos leithne feabhas a chur ar leas leanaí trína ligean do theaghlaigh fothorthaí níos fearr a dhaingniú dá leanaí cleithiúnacha. Tá roinnt mheicníochtaí ann cheana chun é sin a éascú go háirithe cur i bhfeidhm na straitéise leanaí náisiúnta agus aird mhéadaithe ar tháscairí leasa leanaí ach ba chóir níos mó airde a thabhairt ar an gcaoi a chuireann fothorthaí tacaíochta ioncam leanaí le leas leanaí.

2.6 Achoimre

Iarrtar cuspóirí agus réasúnaíocht polasaí a bhunú do Thacaíocht Ioncam Leanaí agus cláir thacaithe i gCaibidil 2 trí na cuspóirí mar bhuntaca don pholasaí sin a shainnithint agus foinsé na dtacaíochtaí ioncam leanaí éagsúla agus a bhforbairt thar am a scrúdú. Ag éirí as an scrúdú sin, agus an t-athbhreithniú ag aithint gur éirigh príomhionstraimí tacaíochta ioncam leanaí ag amanna difriúla mar fhreagairt ar riachtanais éagsúla, tagann sé ar an gconclúid gurb iad na príomhchuspóirí seo a leanas do raon na n-íocaíochtaí sin ná: chun cúnamh a chur ar fáil do theaghlaigh go léir le leanaí trí raon íocaíochtaí in aitheantas ar na costais níos airde a bhaineann le cúram leanaí agus leanaí a thógáil, i slí a thugann rogha do thuismitheoirí ar an gcaoi a úsáidfear é. agus cúnamh sonraithe do theaghlaigh ar ísealioncam le leanaí ar bhealach a íoslaghdaíonn dídhreasachtaí an mhargaidh shaothair nó a chuireann go dearfach le dreasachtaí an mhargaidh shaothair chun feabhas a chur ar ioncam poiténsiúil thuismitheoirí agus bochtanas i dteaghlaigh le leanaí a laghdú.

Chomh maith leis sin, tagann an t-athbhreithniú ar an gconclúid go bhfuil roinnt chuspóirí ‘tánaisteacha’ i gceist lena n-áirítear: dídhreasachtaí fostaíochta thuismitheoirí a sheachaint; cúnamh díreach a chur ar fáil do theaghlaigh le costais cúram leanaí íochtha; agus feabhas a chur ar dháileadh ioncaim laistigh den teaghlach trí ioncam neamhspleách a chur ar fáil do mháithreacha agus sa chaoi sin ag méadú an dóchúlachta go rachadh ioncam teaghlaigh chun leasa a chuid leanaí.

Agus na cuspóirí leithne sainnithnithe scrúdaítear ansin a gcuid ábharachta leanúnaigh i gcomhthéacs cuspóirí polasaí agus tiomantais an Rialtais mar atá leagtha amach i gcomhaontaithe comhpháirtíochta sóisialta comhleantacha, i straitéisí um chuimsiú sóisialta agus frithbhochtanaí náisiúnta agus na cuspóirí polasaí leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2008 2010 na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, le tagairt ar leith do thrí cheann dá spriocanna ardleibhéil - ag táirgeadh tacaíocht ioncaim, ag tabhairt faoi bhochtanas agus ag cur cuimsiú sóisialta chun cinn agus ag cur tacaíochtaí ar fáil chun daoine ag dul i mbun fostaíochta a éascú. Tar éis na bpríomhghoiciméid thuas a scrúdú tagann an t-athbhreithniú ar an gconclúid go bhfuil na cuspóirí leithne atá mar bhuntaca do pholasaí tacaíochta ioncam

leanaí bailí chomh fada is a mholann na doiciméid sin tacaíochtaí a chur ar fáil do theaghlaigh go léir le leanaí chomh maith le tacaíochtaí a spriocdhíriú chun tabhairt faoi bhochtanas leanaí. Mar sin féin, fad is a leanann na cuspóirí sin le bheith bailí fós, tugann an t-athbhreithniú ar aird leis an timpeallacht eacnamaíoch athraithe atá ann agus an riachtanas caiteachas a ghearradh siar chun an t-airgeadas poiblí a chobhsú, go bhféadfaidh an chothromaíocht idir an dá chuspóir sin a bheith aistrithe le béim níos mó ar acmhainní a spriocdhíriú ar bhochtanas leanaí a laghdú.

Maidir le ceann amháin de phríomhchuspóirí polasaí tacaíochta ioncam leanaí - laghdú bochtanas leanaí - tugann an t-athbhreithniú ar aird de bhrí go bhfuil bochtanas casta agus iltoiseach nach féidir tabhairt faoi trí thacaíocht ioncaim amháin ach teastaíonn uaidh teaghlaim de sheirbhísí inrochtana bainteach le leanaí agus tacaíochtaí tuismitheoirí in éineacht le soláthar tacaíochta ioncam leanaí. Tá measúnú mionsonraithe ar réimse iomlán na saincheisteanna casta sin thar scóip an athbhreithnithe seo.

